# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Marcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim marcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Sa scéim mharcála seo baintear úsáid as marcáil tuairisceora chun marcanna a leithdháileadh i gcás codanna áirithe de roinnt ceisteanna i ndail le pointe/pointí a fhorbairt. Sna táblaí thíos tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora as ar baineadh úsáid. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist.

Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 3 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolas<br>• Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Gan eolas<br>• Athrá den ráiteas |

Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 4 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| **4** | **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolas<br>• Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Eolas mearbhlach nó frithráiteach | • Gan eolas<br>• Athrá den ráiteas |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| $\checkmark_{1}$ | Faisnéis bhailí | 1 |
| $\checkmark_{2}$ | Faisnéis bhailí | 2 |
| $\checkmark_{3}$ | Faisnéis bhailí | 3 |
| $\checkmark_{4}$ | Faisnéis bhailí | 4 |
| $\checkmark_{5}$ | Faisnéis bhailí | 5 |
| $\checkmark_{6}$ | Faisnéis bhailí | 6 |
| $\checkmark_{7}$ | Faisnéis bhailí | 7 |
| $\checkmark_{8}$ | Faisnéis bhailí | 8 |
| $\checkmark_{9}$ | Faisnéis bhailí | 9 |
| $\checkmark_{10}$ | Faisnéis bhailí | 10 |
| $\checkmark_{11}$ | Faisnéis bhailí | 11 |
| $\checkmark$ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

# ROINN A (75 marc)

| C | | Freagraí féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | Agus an fhoirmle cheart in úsáid, déan **praghasleaisteachas an éilimh** a léirítear sa léaráid a ríomh sa chás gurb é €4 bunphraghas an earra agus go **n-ardaíonn** sé go €5. Taispeáin na ríomhanna ar fad.<br>$\frac{\Delta QD}{\Delta P} \times \frac{P1 + P2}{QD1 + QD2}$<br>$\frac{-4}{+1} \times \frac{(4+5)}{(8+4)} = -3$ | **10** |
| | **(b)** | Mínigh dlí an éilimh agus tagairt á déanamh don ghraf thuas.<br>Mar atá sonraithe i nDlí an Éilimh, de réir mar a théann praghas earra nó seirbhíse in airde, tagann laghdú ar mhéid an earra nó na seirbhíse a bhíonn á éileamh, agus a mhalairt.<br>Feictear a leithéid seo thuas le X maith, de réir mar a mhéadaíonn a phraghas ó €4 go €5, tagann laghdú ar an méid de atá á éileamh ó 8 go 4. | **5** |
| **2.** | **(a)** | **Léirítear na Cuntais Ráithiúla Náisiúnta le haghaidh R2, 2021 sa ghrafaic eolais thíos.**<br>Agus na sonraí thuas á n-úsáid, mínigh, an dócha go mbeidh éifeacht fáis **nó** fhrithráiteach ag Comhardú na nÍocaíochtaí. Déan tagairt d'fhigiúirí ábhartha sa léaráid thuas chun do fhreagra a mhíniú. Léirigh agus tic in úsáid **(✓ )** an éifeacht fáis nó fhrithráiteach atá i gceist.<br>Freagra: **Éifeacht Fáis**<br>• Tá méadú 6.4% tagtha ar easpórtálacha agus méadú 5.4% tagtha ar iompórtálacha.<br>• Tá an méadú ar **easpórtálachta (1%) níos mó ná an méadú ar iompórtálacha** dá bhrí sin, tá **na hinfheistíochtaí níos mó ná an sileadh**[3] a mbeidh éifeacht fáis fhoriomlán acu ar an ngeilleagar . | **9** |
| | **(b)** | Mínigh gné amháin a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar an treocht thuas sa Chaitheamh Pearsanta i Ráithe 2, 2021.<br>• **Éileamh borrtha:** Ní fhéadfadh tomhaltóirí aon ní a chaitheamh le linn dianghlasálacha.<br>• **Méaduithe san ioncam**: Beidh ioncam indiúscartha níos mó ag fostaithe a fhillfidh ar an bhfostaíocht i ndiaidh na dianghlasála (ná an méid a bhí faighte ar PUP, EWSS, TWSS srl).<br>• **Méadú ar iontaoibh tomhaltóra agus gnó:** d'fhéadfaí spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí níos mó a chaitheamh ar ábhair a bhí curtha ar athló acu i.e. laethanta saoire.<br>• **Méaduithe féideartha ar phraghsanna amach anseo**: agus méadú ag teacht ar an éileamh, bheadh imní ar thomhaltóirí go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna amach anseo mar sin ceannaíonn siad earraí láithreach. | **6**<br>**(3+3)** |
| | | ***** Tá earráid san ábhar spreagtha don cheist seo ar an leagan Gaeilge den scrúdpháipéar. Cuirtear in iúl ansin go raibh an OTN ag laghdú nuair ba chóir a chur in iúl gur ag ardú a bhí sé. Cuireadh sin san áireamh nuair a bhí freagraí na n-iarrthóirí á marcáil. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Cuireadh tús leis an bPraghsáil Aonaid Bunaidh (MUP) le haghaidh alcóil in Éirinn go luath sa bhliain 2022. An aontaíonn tú leis an MUP nua seo le haghaidh alcóil?<br><br>**Aontaím le MUP:**<br><br>• **Chun ídiú / mí-úsáid alcóil a laghdú** - féadfaidh an praghas níos airde dul i ngleic leis an mí-úsáid alcóil / ragús óil trí úsáid a laghdú.<br>• **Chun cuidiú le fadhbanna pearsanta / sóisialta a laghdú** - féadfaidh laghdú ar úsáid a bheith mar chúis le laghdú ar fhadhbanna pearsanta / sóisialta sa tsochaí.<br>• **Laghdú ar iontrálacha chuig Rannóga Éigeandála** - ba cheart go mbeadh níos lú iontrálacha chuid Rannóga Éigeandála ann mar thoradh ar laghdú ar úsáid, a ligeann d'ospidéil a bheith ag feidhmiú ar bhonn níos éifeachtúla agus a costais sláinte a laghdú dá bharr.<br>• **Daonra níos sláintiúla** - má laghdaíonn an t-ídiú in aghaidh an duine féadfaidh sé a bheith mar chúis le daonra níos sláintiúla le níos lú laethanta caillte mar gheall ar an neamhláithreacht / níos mó táirgiúlachta.<br><br>**Ní Aontaím le MUP:**<br><br>• **Tá sé éagothrom** - ós rud é gur chúlchéimnitheach í a mbeidh an tionchar is mó aici orthu siúd a bhfuil an t-ioncam is lú acu.<br>• **Siopadóireacht tras-teorann -** d'fhéadfaí go spreagfadh sé siopadóireacht tras-teorann, a chiallaíonn go laghdófaí an ghníomhaíocht gheilleagrach sa Phoblacht agus go gcaillfí ioncam cánach dá bharr.<br>• **Cur isteach ón Stát gan chúis** - cur isteach neamhriachtanach is ea é ar an gcinnteoireacht phearsanta & ní bhaineann sé ach leo siúd a cheannaíonn alcól níos saoire amháin.<br>• **Éifeacht ar an ngeilleagar ceilte** - tá seans ann go lorgódh daoine áirithe foinsí eile alcóil, agus chaillfí ioncam cánach dá bharr.<br>• **Aistriú chuig drugaí eile** - má bhíonn drugaí eile ar fáil ar phraghas níos saoire, b'fhéidir go dtiocfadh méadú ar an éileamh atá orthu. | **9**<br>**(5+4)** |
| | **(b)** | Má thosaítear ag ceannach alcóil ar an saormhargadh, tá an baol ann go **dteipfeadh ar an margadh dá bharr**.<br>Mínigh an ráiteas seo agus sampla in úsáid agat chun an tuiscint agat a léiriú.<br><br>**Teipeann ar an Margadh** nuair a dháiltear acmhainní ar shlí mhí-éifeachtúil / éagothrom ar an saormhargadh mar thoradh ar mheicníocht an phraghais.[3]<br><br>Tá an baol ann go ndéanfaí dúshaothrú ar thomhaltóirí, go mbainfidís úsáid as earraí díobhálacha, nó go ndéanfaí seachtrachtaí diúltacha a chothú don tríú páirtí ar nós cáiníocóirí aonair nach bhfuil baint acu le húsáid alcóil ach iad ag íoc as cúram sláinte daoine a bhíonn ag baint ró-úsáid as alcól.[3] | **6**<br>**(3+3)** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | (a) | Déan gach ceann díobh seo a leanas a chatagóiriú mar **infheistíocht** nó mar **shileadh** ón sreabhadh ciorlach ioncaim. | 3+3+2 |

| | Infheistíocht | Sileadh |
|---|---|---|
| Méadaíonn rialtas na hÉireann tuarastail na hearnála poiblí 1% in 2023. | ✓ | |
| Tagann méadú ar easpórtálacha na hÉireann go dtí an méid is mó riamh €160bn ainneoin na paindéime Covid 19. | ✓ | |
| Shábháil tomhaltóirí Éireannacha níos mó ná €10bn sa chéad ráithe den bhliain 2021. | | ✓ |

**Freagair (a) nó (b)**

(b) Sa bhosca thíos déan na roghanna agat i bpáirt **(a)**thuas a mhíniú.

3+2+2

- Tá tuarastail na hearnála poiblí mar chuid de chaiteachas an rialtais, mar sin infheistiú sa sreabhadh ciorclach ioncaim atá i gcaiteachas an rialtais.
- Airgead atá sna heaspórtálacha a tháinig ó lasmuigh den sreabhadh ciorclach ioncaim agus dá bhrí sin, infheistíocht sa sreabhadh ciorclach ioncaim is ea é.
- Gan a gcuid ioncaim a chaitheamh, tá laghdú á dhéanamh ag tomhaltóirí ar mhéid an tsreafa chiorclaigh ioncaim agus dá bhrí sin, aistarraingt/sileadh atá sa choigilt.

**NÓ**

(c) Mínigh dhá chúis a bhfuil tábhacht ag baint le hinfheistíocht dhíreach choigríche in Éirinn do gheilleagar na hÉireann.

- **Níos mó deiseanna fostaíochta le haghaidh lucht oibre na hÉireann.** De réir mar a thagann méadú ar an infheistíocht i ngeilleagar na hÉireann, beidh éileamh níos mó ar lucht saothair le dul ag obair sna comhlachtaí nua agus na comhlachtaí a bhí ann i gcónaí ach atá tar éis fás.
- **Méadú ar an ioncam cánach le haghaidh rialtas na hÉireann** ó chorparáidí, ó ghnóthachain chaipitil, ioncam agus ó cháin bhreisluacha. De réir mar a thagann méadú ar infheistíocht, ar fhostaíocht, ar chaiteachas agus ar bhrabús, is dóchúil go dtuillfidh an rialtas ioncam cánach níos mó.
- **Méadú ar fhás eacnamaíoch.** Infheistiú sa sreabhadh ciorclach ioncaim atá san infheistíocht mhéadaithe agus spreagfaidh sé fás eacnamaíoch sa bhreis. Tugtar le fios ón bhfoirmle náisiúnta ioncaim C+I+G+X-M go mbeidh éifeacht iolraitheora ar an iomlán ag méadú ar an infheistíocht i ngeilleagar na hÉireann.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | Tá sé tuartha go mbainfidh an líon daoine in Éirinn atá os cionn 65 bliana d'aois 1 milliún amach faoi 2031. Feiniméan domhanda atá san athrú suntasach seo ar na déimeagrafacha aosaithe. In oiriúint ó socialjustice.ie<br>Mínigh an dá ghné a bhfuil tionchar tar éis a bheith acu ar an treocht seo i ndaonra na hÉireann.<br><br>• **Feabhsú ar chúram sláinte in Éirinn**: beidh cóireáil fheabhsuithe ar ghalar agus laghdú ar ráta báis mar thoradh air.<br>• **Feabhas ar chaighdeán maireachtála**/méadú ar ioncam/méadú ar fhostaíocht a chiallaíonn go mbíonn daoine in ann bia ar chaighdeán níos airde a cheannach, agus go mbíonn teacht acu ar chúram sláinte agus ar infreastruchtúr feabhsaithe.<br>• **Béim níos mó ar stíl mhaireachtála shláintiúil** i sochaí an lae inniu: tá daoine níos cúramaí anois faoi stíl mhaireachtála níos sláintiúla a bheith acu de réir mar a théann siad in aois agus iad ag tabhairt aire dóibh féin.<br>• **Feabhas ar phleanáil an rialtais** & na ngníomhaireachtaí stáit agus aitheantas tugtha acu don riachtanas a bhaineann le polasaithe feabhsaithe le freastal ar an daonra atá ag dul in aois.<br><br>**Freagair (a) nó (b)** | **1 x 4**<br>**1 x 3** |
| | **(b)** | Mínigh dhá **bhuntáiste** eacnamaíocha a bhaineann le daonra na hÉireann atá ag dul in aois.<br><br>• **Níos mó daoine mar chuid den lucht saothair** mar gheall go maireann daoine ar feadh tréimhsí níos faide.<br>• **Lucht saothair a bhfuil níos mó taithí acu** mar go mbíonn taithí na mblianta ag na hoibrithe seo.<br>• **Líonfaí aon ghanntanas scileanna** de réir mar a d'fhillfeadh oibrithe atá imithe ar scor ar an lucht saothair i.e. an earnáil fáilteachais.<br>• **Ioncaim cánach**: tiocfaidh méadú ar an ioncam cánach/ ní bheidh an riachtanas céanna ag baint le pinsin a chur ar fáil má fhanann oibrithe níos sine sa lucht saothair.<br>• **Deiseanna do ghnólachtaí**: d'fhéadfadh deiseanna do ghnólachtaí teacht chun cinn mar thoradh ar athrú ar phátrún an éilimh ar earraí agus seirbhísí do dhaonra atá ag dul in aois m.sh. laethanta saoire do dhaoine os cionn 55.<br>**NÓ** | **4+4** |
| | **(c)** | Mínigh dhá thionchar a bheidh ag daonra na hÉireann atá ag dul in aois ar bheartas an rialtais amach anseo.<br><br>• **Méadú ar chaiteachas ar chúram sláinte** nó athrú ar thosaíochtaí an bhuiséid le haghaidh an chúraim sláinte.<br>• **Brú breise ar phinsin** / roinnt mhaith daoine nach bhfuil dóthain curtha ar fáil acu don tseanaois / b'fhéidir gur gá tástáil maoine a dhéanamh ar an bpinsean ranníocach / ardú ar aois an phinsin.<br>• **Éileamh níos mó ar sheirbhísí rialtais** e.g. sláinte agus cúram fadtéarmach.<br>• **Méadú ar infheistíocht in áiseanna um maireachtáil neamhspleách:** gluaiseacht i dtreo ghnás na hEorpa.<br>• **Méadú féideartha ar an ualach cánach** dóibh siúd atá ag fanacht sa lucht oibre. | |

- **Tionchar ar an dífhostaíocht**: má chuireann daoine síneadh leis an saol oibre acu, beidh tionchar aige seo ar an dífhostaíocht fhadtéarmach / ar an óg-dhífhostaíocht srl.
- **B'fhéidir go mbeadh ar fhostóirí costais tuarastail níos airde a íoc** mura dtéann baill foirne sinsearacha ar scor.
- **An margadh saothair**: d'fhéadfadh a bheidh mar chúis le fadhbanna sa chóimheas cleithiúnais / laghdú ar rátaí rannpháirtíochta sa mhargadh saothair.


**6. (a)** Deirtear gur **Praghasghlacadóirí** iad comhlachtaí atá in Iomaíocht Fhoirfe. **1x4**

Cuir lipéad agus tarraing an méid seo a leanas ar na léaráidí thíos **1x3**

(i) Cad a tharlaíonn do chothromaíocht an mhargaidh **de réir mar a thagann níos mó comhlachtaí isteach sa mhargadh?**

(ii) Cad a tharlaíonn do phraghas an chomhlachta aonair **de réir mar a thagann níos mó comhlachtaí isteach sa mhargadh?**

Mínigh gach ceann de na léaráidí thíos.




**(b)** **Míniú don mhargadh:**

De réir mar a bhíonn comhlachtaí lasmuigh den earnáil ar an eolas faoi na SNPs a tuilleadh san earnáil tiocfaidh na comhlachtaí seo isteach san earnáil, rud is féidir leo a dhéanamh mar nach bhfuil bacainní ar bith ann ó thaobh iontrála de. De réir mar a thagann na comhlachtaí seo isteach sa mhargadh bogfaidh an soláthar i dtreo na láimhe deise ó $S_1$ go $S_2$. Méadaíonn soláthar ó $Q_1$ go $Q_2$ agus laghdaíonn an praghas ó $P_1$ go $P_2$.

**(c)**

**Míniú don chomhlacht:**

Ós rud é go dtugtar an praghasghlacadóir ar an gcomhlacht aonair is gá dóibh glacadh leis an bpraghas a bhunaigh an earnáil, dá bhrí sin laghdaíonn an praghas acu féin chomh maith ó $P_1$ go $P_2$.

**Freagair (b) nó (c)**

Is féidir le comhlachtaí maireachtáil sa S/R fiú má bhíonn airgead á chailliúint acu. Mínigh an ráiteas seo.

- Sa ghearrthéarma sa chás go mbíonnn <u>AR níos mó ná AVC</u> **4**
- Bíonn airgead á chailliúint ag an gcomhlacht ach a fhad is a chlúdaíonn sé a chuid meánchostas athraitheach <u>cuirfidh sé</u> <u>leis an gcostas seasta</u> agus **2** ansin bheadh an chailliúint a bhaineann le druidim níos mó ná an chailliúint a bhaineann le leanúint ar aghaidh ag oibriú.

**NÓ**

San fhadtéarma is iad na comhlachtaí is éifeachtúla amháin a mhairfidh. Mínigh an ráiteas seo. **2**


Bíonn comhlacht ag an bpointe is éifeachtúla acu <u>nuair a bhíonn sí ag táirgeadh ag an bpointe AC is ísle.</u>


Sa chás nach mbíonn sé ag táirgeadh ag an bpointe is ísle de chuar an mheánchostais iomláin, níl sé éifeachtúil san fhadtéarma. <u>Ní bheidh brabús normálta á tháirgeadh aige</u> agus beidh air an earnáil a fhágáil mar gheall ar mhí-éifeachtúlacht.

**7.**

**(a)** **(i)** Sainaithin cé acu cairt a thugann léiriú cruinn ar an treocht cheart sa ráta ECB ó 2000 go 2021. Roghnaigh bosca amháin thíos trí thic a chur air. **1**

| **Fíor A:** | **Fíor B: ✓** |
|---|---|




Arna chur in oiriúint ó ecb.europa.eu

**(ii)** Cosain do rogha in (i) thuas.

<u>I ndiaidh géarchéim airgeadais dhomhanda sa bhliain 2007/2008</u> d'ísligh an Banc Ceannais Eorpach an bonnráta úis aige chuig náid faoin gcéad le cur in aghaidh na coigilte agus <u>le hiasachtaíocht a spreagadh ag súil go spreagfar infheistíocht</u>/<u>fás eacnamaíocht</u> i ngeilleagar na hEorpa arís. **2 x 4**

**(b)** Seachas an % den bhonnráta úis a shocrú mínigh an dá **ról eile** atá ag an ECB. **2 x 3**

- **Cobhsaíocht Praghsanna a chinntiú**: An aidhm atá ag ECB ná ráta boilscithe 2% a bhaint amach sa mheántéarma.
- **Socraíonn rátaí úis** ag a dtugann sé iasachtaí do bhainc cheannais sa limistéar euro agus dá bhrí sin, bíonn smacht acu ar an soláthar airgid agus ar bhoilsciú.
- **Déanann cúlchiste airgeadra eachtrach an limistéir euro a bhainistiú** chomh maith le ceannach nó díol airgeadraí chun go mbeadh tionchar acu ar phraghas an euro i gcomhthéacs airgeadraí eile.
- **Cinntíonn go ndéantar maoirseacht cheart ar mhargaí & institiúidí airgeadais** ag údaráis náisiúnta, agus go n-oibríonn córais íocaíochta mar is ceart.
- Cinntíonn **seasmhacht, sábháilteacht agus iontaofacht an chórais airgeadais** ar fud an limistéir euro.
- **Déanann údarú ar chosaint nótaí bainc an euro** ag tíortha an limistéir euro.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | **(a)** | Mínigh cad atá i gceist leis an téarma eacnamaíoch **geilleagar ceilte.**<br>• Déanann gníomhaíocht cheilte eacnamaíoch tagairt don ghníomhaíocht eacnamaíoch ar fad nach ndéantar taifeadadh air sna cuntais náisiúnta ioncaim.<br>• Déanann sé tagairt do na hioncaim ar fad ó fhoinsí mídhleathacha /na hioncaim neamhdhearbhaithe ó tháirgeadh earraí & seirbhísí ó idirbhearta airgeadaíochta nó babhtála.<br>• Gníomhaíochtaí atá lasmuigh de na córais chánacha/rialála. | **5** |
| | **(b)** | Mínigh dhá chúis leis na fadhbanna sa slabhra soláthair **a bhí le sárú ag** roinnt mhaith comhlachtaí in Éirinn le linn na bliana 2021 - 2022.<br>• **Tionchair Covid-19:** Tá riaráiste cruthaithe ag Covid-19 ar línte táirgthe atá tar éis moill a chur ar an slabhra soláthair i.e., dúnadh monarchana.<br>• **Éifeachtaí an Bhreatimeachta**: Tá moill cruthaithe ag an mBreatimeacht trí athruithe ar pholasaithe agus tá méadú curtha aige ar mhaorlathas agus ar pháipéarachas.<br>• **Blocáil ar Chanáil Shuais**: Chuir an bhlocáil a rinneadh ar Chanáil Shuais moill ar iompar earraí áirithe ar feadh tréimhse fhada le linn na bliana.<br>• Chuir **Ionradh na Rúise ar an Úcráin** isteach go mór ar sholáthar cruithneachta chuig margaí an domhain. | **2 x 5**<br>**(3+2)** |
| **9.** | **(a)** | Déan **costas príobháideach** amháin agus **buntáiste príobháideach** amháin a shainaithint don tomhaltóir a bhaineann le painéil ghréine a shuiteáil.<br>An **costas príobháideach** a bhaineann le painéil ghréine a shuiteáil ná **an costas airgeadais** ar an tomhaltóir aonair as iad a shuiteáil.<br>**Buntáiste príobháideach** amháin don tomhaltóir a bhaineann le painéil ghréine ná go bhféadfadh laghdú teacht ar an mbille pearsanta leictreachais mar gheall ar infhaighteacht úsáide an leictreachais ó fhoinse in-athnuaite. | **5**<br>**5** |
| | **(b)** | Tagann **buntáistí sóisialta** chun cinn chomh maith agus painéil ghréine á suiteáil. Déan plé ar an ráiteas sin.<br>**Is ionann buntáistí sóisialta** agus buntáistí don tsochaí i.e., tríú páirtí nach bhfuil aon bhaint acu le táirgeadh nó le caitheamh an earra. Trí úsáid a bhaint as painéil ghréine tiocfaidh laghdú ar úsáid leictreachtais ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdóidh an úsáid a bhainfear as na hacmhainní teoranta seo, agus níos lú astaíochtaí díobhálacha á scaoileadh amach sa timpeallacht. | **5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10.** | **(a)** | Déan an **deischostas** a bhaineann le PepsiCo ag bogadh ó phointe **D** go pointe **H** ar an gcuar PPF a ríomh. Mínigh do fhreagra.<br>• Tagann laghdú ar Tropicana ó 62 milliún lítear go 0 lítear.<br>• Dá bhrí sin, is é **62 milliún lítear de Tropicana an deischostas.** | |
| | **(b)** | Is féidearthacht eile táirgthe é an pointe **X** (20,20) do PepsiCo.<br>An molfá dóibh táirgeadh a dhéanamh ag an bpointe seo? Mínigh do fhreagra.<br><br>**Ní mholfadh,** mar go bhféadfaí a rá gur cur amú acmhainní é. Má bhíonn táirgeadh laistigh de na teorainn, níl an úsáid is fearr á baint aige as acmhainní ganna agus dá bhrí sin, deirtear go bhfuil sé mí-éifeachtúil. Chun an úsáid a bhaintear as a chuid acmhainní a uasmhéadú / chun earraí a tháirgeadh go héifeachtúil d’fhéadfadh sé níos mó a tháirgeadh - 20 l de Tropicana & os cionn 80 kg de Doritos nó 80 l de Tropicana & 20 kg de Doritos. | **6**<br><br>**9** |


# ROINN B (225 marc)

| | Ceist 11 | |
|---|---|---|
| | **Freagraí féideartha** | **Uas. Marc** |
| **(a) (i)** | Mínigh dhá chúis fhéideartha leis an éagsúlacht sa chíos meánach idir Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Phort Láirge i R2, 2021.<br>• Mar gheall go bhfuil **daonra níos mó de réir an km cearnaithe i mBaile Átha Cliath** bíonn éileamh níos mó ar thithíocht - tá soláthar seasta talún ann agus níl ach méid áirithe láthreacha cónaithe inmharthana. Dá bhrí sin, má bhíonn daonra níos mó i gceantar áirithe, is dócha go mbeidh praghas níos mó ar na tithe.<br>• Tá **níos mó daoine dífhostaithe i mBaile Átha Cliath** ná mar atá i bPort Láirge - tá níos mó post i mBaile Átha Cliath ná mar atá in an-chuid réigiún ar fud na tíre. Má bhíonn níos mó post i gceantar áirithe, beidh éileamh níos mó ar an tithíocht sa cheantar sin.<br>• **Níos mó áiseanna agus seirbhísí ar fáil i mBaile Átha Cliath**, a fhágann gur áit níos mealltaí í do chíosaithe áirithe - tá níos mó seirbhísí ar fáil agus eispéireas níos éagsúlaí i mBaile Átha Cliath a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar mealltach ag cíosaithe, cíosaithe imirceacha, mic léinn idirnáisiúnta go háirithe srl.<br>• **Níos lú talamh chónaithe ar fáil i mBaile Átha Cliath** a chuireann méadú leis an luach atá aici - dá mhéad talún a úsáidtear i mBaile Átha Cliath le haghaidh spásanna oifige is amhlaidh is lú talún atá ar fáil do thithe cónaithe. Cuireann srianta pleanála teorainn le hárasáin nó oifigí atá mar ilstóraigh spéire, rud a laghdaíonn líon na roghanna tógála atá ar fáil. | 1 x 8<br>1 x 4 |
| **(ii)** | Mínigh **dhá** idirghabháil fhéideartha a bhféadfadh rialtas na hÉireann tabhairt fúthu le tacú leis an bhforbairt réigiúnach chothromaithe in Éirinn.<br>• **Níos mó infheistíochta sa tionscal i gceantair tuaithe** - dá bhféadfadh rialtas na hÉireann maoiniú breise a chur i leataobh le tacú leis an bhforbairt thionsclaíoch sna réigiúin tearcfhorbartha, b'fhéidir go spreagfadh sé sin níos mó comhlachtaí agus áiseanna táirge le lonnú sna réigiúin sin a thabharfaidh níos mó post agus rathúnais go dtí an ceantar.<br>• **Buntáistí cánach do chomhlachtaí i gceantair tuaithe** - má bheartaíonn comhlachtaí iad féin a lonnú i réigiúin áirithe in Éirinn nach mbíodh mórán infheistíochta iontu riamh, bheadh buntáiste ann dóibh trí rátaí cánach níos ísle a íoc.<br>• **Níos mó infheistíochta san infreastruchtúr** lena n-áirítear líonraí leathanbhanda i gceantair tuaithe - más féidir le rialtas na hÉireann níos mó maoinithe a chur ar fáil don infreastruchtúr sna réigiúin tearcfhorbartha den tír, seans go meallfaí gnólachtaí, tionscal agus teaghlaigh.<br>• **Spreagadh dóibh siúd atá sásta aistriú ó cheantair uirbeacha go ceantair tuaithe** - d'fhéadfadh an rialtas spreagthaí airgeadais a chur ar fáil d'oibrithe atá sásta aistriú go réigiúin nach bhfuil an oiread céanna forbartha iontu. Dá bhféadfadh an rialtas é sin a chur ar fáil, chabhródh sé leis an lucht saothair sna réigiúin seo a neartú.<br>• **Méadú ar thithíocht shóisialta i gceantair tuaithe** - dá mbeadh níos mó roghanna tithíochta ar fáil sna ceantair seo, chabhródh sé le soghluaisteacht | 1 x 8<br>1 x 4 |

thíreolaíoch níos mó a spreagadh a d'fhéadfadh cabhrú leis an lucht saothair a neartú sna ceantair seo.

**(b) (i)**

Mínigh, agus léaráid iomlán lipéadaithe in úsáid, conas a dhéantar praghas cothromaíochta na talún a ríomh.




**6**

Tá soláthar na talún socraithe ó thaobh méid de ag S.
Tá éileamh na talún claonta ó thaobh na láimhe clé go dtí taobh na láimhe deise- D.
Déantar an praghas cothromaíochta $P_E$ a bhunú, áit a bhfuil D cothrom le S.

**5**

**(ii)**

Seachas an soláthar talún a bheith socraithe, mínigh dhá thréith a bhaineann leis an talamh i dtéarmaí eacnamaíocha.

**2 x 5**

- **Ní bhíonn costas ag baint le táirge** i gceist don tsochaí ar an iomlán - mar gurb é an dúlra a chuireann an talamh ar fáil.
- Gné **neamhshonrach** den táirgeadh - is féidir iliomad feidhmeanna difriúla a bhaint aisti.
- **Go hiomlán doghluaiste** - ní féidir í a bhogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile.

**(iii)**

Mínigh an bhaint atá ag an téarma **éileamh díorthaithe** le toisc tháirgeachta **talún**.

**5**

Sonraítear san éileamh díorthaithe nach ndéantar toisc tháirgeachta a éileamh ar mhaithe leis féin / lena húsáid féin ach ar mhaithe leis an méid a chuireann sé leis an táirgeadh (earraí, seirbhísí, agus rachmas).
Ní cheannaíonn daoine talamh ar mhaithe le talamh a cheannach, ceannaíonn siad talamh chun foirgnimh thionsclaíocha nó chónaithe a thógáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Meastar go dtacóidh an rúidbhealach thuaidh in Aerfort Bhaile Átha Cliath le 31,200 post nua Éireannach a chruthú agus €2.2 billiún sa bhreis de ghníomhaíocht eacnamaíoch faoin mbliain 2043. Meastar go mbeidh costas €250m - €500m ar an togra seo. In oiriúint ó internationalairportreview.ie | **8** |
| **(i)** | Mínigh an téarma deischostas.<br><br>Tagraíonn an **deischostas** don chostas a bhaineann le hailtéarnaigh staonta / an costas a bhaineann leis an dara rogha is fearr a ligean thart nuair a dhéanann tú cinneadh. | |
| **(ii)** | Mínigh deischostas **amháin** a bhfuil baint aige leis an gcaiteachas rialtais thuas ar chúrsaí iompair, agus úsáid á baint as sampla chun do fhreagra a léiriú.<br>Sampla: caiteachas seachligthe ar ospidéil / scoileanna nua.<br><br>***Ós rud é gur caiteachas caipitil é seo - ní mór go mbeadh réimse den chaiteachas caipitil ar fáil sa fhreagra.*** | **5** |
| **(iii)** | Ní mór do rialtas na hÉireann tacaíocht airgeadais níos mó a chur ar fáil d'aerfoirt réigiúnacha timpeall na hÉireann. Pléigh na hargóintí i bhfabhar **agus** i gcoinne an ráitis seo.<br>***Is gá go mbeadh argóint amháin i bhfabhar nó i gcoinne an ráitis a bheith léirithe.***<br><br>**I bhfabhar na tacaíochta airgeadais:**<br>• **Tacaíonn le cuspóir an rialtais maidir le forbairt réigiúnach chothromaithe** - má chuirtear níos mó maoinithe ar fáil d'aerfoirt réigiúnacha seachas don aerfort náisiúnta d'fhéadfaí an fás a scaipeadh ar bhealach ní ba chothroime timpeall na tíre.<br>• **Tacaíonn leis an bhfostaíocht i gceantair tuaithe** - trí na haerfoirt seo a choimeád ag feidhmiú, tacaítear leis an bhfostaíocht laistigh de na haerfoirt agus sna tionscail a bhaineann leo sna réigiúin.<br>• **Tacaíonn le forbairt a dhéanamh faoin tuath in Éirinn** - mar rogha inmharthana do phobail atá ag maireachtáil agus ag obair / laghdaíonn an brú ar chathracha atá ag fás.<br><br>**I gcoinne na tacaíochta airgeadais:**<br>• **Maoiniú atá sa deischostas le haghaidh níos mó aerfort forbartha uirbeach** - má thugtar níos mó maoinithe d'aerfoirt réigiúnach, tá an baol ann go mb'fhéidir nach mbeadh an oiread céanna maoinithe ar fáil d'ár n-aerfort idirnáisiúnta atá níos tábhachtaí mar aerfort don trádáil idirnáisiúnta in Éirinn.<br>• **Bíonn an tacaíocht is mó ag teastáil ón riachtanas in mó** - ó thaobh anailís costais is tairbhe a reáchtáil, beidh sé mar aidhm ag an rialtas an méid is mó a chaitheamh ar na haerfoirt a mbeidh an brabús is mó ag baint leo. Is iad seo na haerfoirt a bhfuil an méid is mó forbartha déanta orthu, de ghnáth.<br>• **Níos mó nasc leis an tionscal agus leis an infheistíocht in áiteanna eile** - má dhéanann an rialtas an t-airgead seo a infheistiú i réimsí eile, tá seans níos mó ann go bhfaighidh siad tacaíocht ó infheistíocht bhreise ó earnálacha eile seachas má bhíonn siad ag infheistiú sna haerfoirt réigiúnacha amháin.<br>• **Déantar níos mó fostaíochta a chruthú in aerfoirt eile** - trí mhaoiniú a thabhairt d'aerfoirt réigiúnacha, tacófar le fostaíocht sna réigiúin sin. Is dócha go bhféadfaí níos mó fostaíochta a chruthú in áit éigin eile leis an maoiniú céanna. | **2 x 6**<br>**(3+3)** |


## Ceist 12

### Freagraí Féideartha


**Uas. Marc**

**(a)**

**(a)** Taispeántar sna píchairteacha thíos an sciar den mhargadh a bhí ag soláthraithe leictreachais tí in Éirinn in 2005 agus in 2019. Faoi na píchairteacha tá figiúirí ábhartha Innéacs Herfindahl-Hirschman.




IHH in 2005 = 10,000




IHH in 2019 = 3,328

Arna chur in oiriúint ó Statista.com

**(i)** Luaigh cad é a thugtar le fios ó na torthaí HHI a léirítear thuas faoi chomhdhlúthacht an mhargaidh san earnáil seo le linn na tréimhse ama seo (2005 go 2019).

- Sa bhliain 2005, tugtar le fios ó fhigiúr 10,000 an HHI go raibh **comhdhlúthacht ard** ag baint leis an earnáil seo. Tugtar le fios ó 10,000 gur **monaplacht** é an margadh mar gheall **nach bhfuil ach aon táirgeoir amháin ann.**
- Faoin mbliain 2019 tá **laghdú tagtha ar an gcomhdhlúthacht** chuig 3,328 mar **go bhfuil níos mó comhlachtaí tar éis teacht isteach san earnáil.**
- Ós rud é go bhfuil an uimhir seo fós níos mó ná 2,500, áfach, agus a bhfuil **comhdhlúthacht ard** ag baint leis m.sh., smachtaíonn na trí chomhlacht is mó os cionn 80% den mhargadh.

**3 x 3**

**(ii)** Mínigh dhá chúis cén fáth a mbeartódh rialtas an soláthar leictreachais aige a **dhírialú.**


- **Rogha níos fairsinge a thabhairt do thomhaltóirí/méid níos mó den tseirbhís curtha ar fáil** - d'fhéadfadh comhlachtaí tabhairt faoi iomaíocht nach mbaineann praghsanna léi chun níos mó tomhaltóirí a mhealladh lena dtáirge / leis an tseirbhís acu a cheannach.
- **Níos mó iomaíochta ó thaobh an phraghais de a chruthú sa mhargadh** - beidh na cineálacha comhlachtaí iomaíochta is dírí páirteach go díreach ina leithéid seo trí iomaíocht praghsanna. Gné dhearfach í seo do thomhaltóirí ós rud é go bhfaigheann siad an táirge ag praghas níos ísle.
- **Éifeachtúlacht níos fearr a mholadh / níos lú acmhainní ganna curtha amú** - sa chás go mbíonn níos mó comhlachtaí in iomaíocht lena chéile san earnáil, déanann comhlachtaí gach iarracht éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach chun go mairfidís san fhadtéarma.
- **Níos mó taighde agus forbartha a spreagadh san earnáil** - le fanacht san iomaíocht agus iad dóchasach go rachaidh siad chun cinn ar a gcuid iomaitheoirí, seans go nglacfaidh comhlachtaí páirt i gcúrsaí taighde agus forbartha, a bheidh ina bhuntáiste ag an tomhaltóir trí tháirge feabhsaithe i.e., forbairt foinsí inbhuanaithe.
- **Baint níos lú ag an stáit** - ní bhíonn an bhaint chéanna ag an rialtas leis an margadh agus b'fhéidir go dtabharfar níos mó ama dó díriú ar ghníomhaíochtaí riachtanacha i.e., soláthar sláinte.

**2 x 3**

| | | |
|---|---|---|
| **(iii)** | Mínigh an téarma príobháidiú.<br>Comhlacht / sócmhainn atá faoi úinéireacht an stáit a dhíol ina iomláine nó cuid de a dhíol leis an earnáil phríobháideach. | **4** |
| **(iv)** | D'fhéadfadh rialtas **príobháidiú** a dhéanamh ar chomhlacht fo-stáit seachas tabhairt faoi dhírialú. Mínigh cúis amháin **cén fáth** a roghnódh rialtas áirithe príobháidiú a dhéanamh ar chomhlacht fo-stáit seachas dírialú a dhéanamh.<br>• **Ioncam a chruthú le haghaidh rialtas na hÉireann** ar féidir é a chur isteach i ngeilleagar na hÉireann chun éifeacht dhearfach iolraitheora a chruthú.<br>• **Gan aon tacaíocht á tabhairt do sheirbhísí neamhbhrabúsacha níos mó.** Ní bheidh ar an rialtas caillteanais na gcomhlachtaí fo-stáit a chúiteamh le hairgead cáiníocóirí.<br>• **Deiseanna fostaíochta.** I gcás comhlachta nua, má thagann méadú ar a sciar den mhargadh, d'fhéadfadh fás teacht ar an bhfostaíocht mar thoradh air seo, chomh maith le seasmhacht poist sa bhreis do na fostaithe atá ann cheana. m.sh., Aer Lingus á cheannach ag IAG.<br>• **Laghdú ar idirghabháil an rialtais i bhfeidhmiú laethúil an ghnó.**<br>• **Cruthaítear níos mó iomaíochta** laistigh den earnáil a bhíonn mar chúis le praghsanna níos ísle do thomhaltóirí<br>• Déantar níos mó **Éifeachtúchta/nuálaíochta** a spreagadh laistigh den earnáil.<br>• **Cruthaítear rogha seirbhísí agus soláthraithe seirbhísí níos fearr** do thomhaltóirí.<br>• **Cultúr fiontraíochta** - méadú ar úinéireacht scaireanna a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le fás ar chultúr fiontraíochta laistigh den tír agus a chabhródh le fostaíocht dá bharr. | **5**<br>**(2+3)** |
| **(b)**<br>**(i)** | Déantar an cur síos is fearr ar struchtúr an mhargaidh a léirítear sa phíchairt in **(i)** thuas in 2005 mar **Mhonaplacht Stáit** agus in 2019 déantar an cur síos is fearr air mar **Olagaplacht.**<br>Mínigh buntáiste amháin a bhaineann leis an dá chineál struchtúir mhargaidh seo.<br>**Buntáistí leis an Monaplacht:**<br>• **Barainneachtaí Scála** - d'fhéadfadh táirgeadh ar scála mór cabhrú leis an gcomhlacht tairbhe a fháil ó bharainneachtaí scála agus d'fhéadfaí na coigiltis chostais seo a thabhairt don tomhaltóir chomh maith i bhfoirm praghsanna níos ísle.<br>• **Soláthar cinnte an táirge/na seirbhíse** - d'fhéadfaí soláthar an táirge/na seirbhíse a chinntiú agus a chur ar fáil sa chás go mbíonn brabús íseal ann (m.sh. monaplacht stáit) ionas go mbaineann tomhaltóirí tairbhe as m.sh. soláthar seirbhísí bus i gceantair ina bhfuil daonra íseal.<br>• **Fostaíocht níos seasmhaí** - ós rud é nach bhfuil iomaíocht ar bith ann bíonn seasmhacht fostaíochta níos fearr ag fostaithe/d'fhéadfadh tairbhe a bheith le baint acu as coinníollacha fabhracha fostaíochta/rátaí pá agus pinsin níos fearr. | **5**<br>**(2+3)** |

| | | |
|---|---|---|
| | • **Níos lú úsáide bainte as acmhainní ganna** - seans nach mbeadh an oiread céanna macasamhlaithe ann i soláthar táirgí/seirbhísí. B'fhéidir nach mbeadh an riachtanas céanna ag baint le fógraíocht iomaíoch, mar sin ní chuirtear acmhainní na sochaí amú. B'fhéidir go gcuirfeadh soláthraí an soláthar is fearr ar fáil i gcás seirbhísí áirithe m.sh. ráillí traenach/greille leictreachais chun macasamhlú a sheachaint.<br>• **Féidearthacht maidir le nuálaíocht/R&D** - d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na brabúis (osnormálta) ag monaplachtaí don infheistíocht in R&D agus lena gceannas sa mhargadh a dhaingniú. Bíonn cosaint phaitinnithe ag teastáil ó infheisteoirí/chruthaitheoirí nó b'fhéidir nach ndéanfaidís aon rud a chumadh.<br><br>**Buntáistí leis an Olagaplacht:**<br><br>• **Seasmhacht sna praghsanna / comparáid na bpraghsanna** - má ghlacann comhlachtaí páirt in iomaíocht nach mbaineann praghsanna léi, agus go mbíonn seasmhacht ag baint leis na praghsanna, agus go gcuireann sé seo ar chumas an tomhaltóra pleanáil chun cinn a dhéanamh agus a gcuid caiteachais a chobhsú. Tá sé éasca praghsanna a chur i gcomparáid le chéile ós rud é go bhfuil cúpla comhlacht ann, rud a chuireann brú ar chomhlachtaí praghsanna iomaíocha a shocrú, atá go maith do thomhaltóirí.<br>• **Leibhéil bhrabúis** - Gach seans go mbeadh ar chomhlachtaí níos mó dá gcuid brabús a ghéilleadh chun custaiméirí a choimeád nó chun iomaitheoirí a shladghearradh / má bhíonn brabúis arda ann d'fhéadfadh sé go mbíonn buntáiste ag an rialtas trí ioncam cánach níos airde / b'fhéidir go mbeadh sé ar chumas comhlachtaí a bheith páirteach in R&D.<br>• **Cáilíocht táirge /seirbhíse** - B'fhéidir go gcuirfeadh comhlachtaí feabhas ar cháilíocht a gcuid táirgí chun tomhaltóirí a mhealladh agus a choimeád. Cuireann comhlachtaí seirbhísí ar cháilíocht níos airde, níos minice ar fáil chomh maith le huasghráduithe eile chun dílseacht tomhaltóirí a choimeád.<br>• **Buntáistí na fógraíochta** - coimeádtar tomhaltóirí ar an eolas ar shlí níos fearr leis an bhfógraíocht. Gach seans go sábhálfadh sé seo am agus airgead ar thomhaltóirí ag lorg earraí agus seirbhísí agus ag foghlaim fúthu. D'fhéadfadh an fhógraíocht an nuálaíocht, an fhorbairt teicneolaíochta a spreagadh agus d'fhéadfadh táirgí agus seirbhísí feabhsaithe a bheith ann dá bharr.<br>• **Féidearthacht a bhaineann le praghsanna níos ísle** - D'fhéadfadh go dtabharfaí Barainneachtaí Scála ar aghaidh go dtí an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos ísle. Má ghlacann comhlachtaí straitéis an-iomaíoch, beidh siad in ann buntáistí cosúla a ghiniúint le struchtúir mhargaidh níos iomaíche, ar nós praghsanna níos ísle.<br>• **Fostaíocht níos seasmhaí** - Ós rud é nach bhfuil mórán iomaíochta ann idir comhlachtaí, d'fhéadfadh poist a bheith níos seasmhaí san earnáil. | **5**<br>**(2+3)** |

**(ii)** Mínigh, agus léaráid iomlán lipéadaithe in úsáid, an suíomh cothromaíochta fadtéarmach a bhíonn ag comhlacht monaplachta. **11**




| Marc amháin in aghaidh gach lipéid = 11 marc | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Praghas | An Méid | $P_1$ | $Q_1$ | $C_1$ | E | D/AR | II | CI | MCH | SNP |

- Tá an chothromaíocht ag pointe E (áit a bhfuil MC=MR).
- Déanann comhlachtaí méid $R_1$ a tháirgeadh.
- Díolann siad an t-aschur ag costas $P_1$.
- Tá costais ar leibhéal $C_1$ (Y).
- Tuilleann comhlachtaí brabúis osnormálta ós rud é go bhfuil AR níos mó ná AC.
- Tarlaíonn mí-éifeachtúlacht ós rud é nach bhfuil costais ag an bpointe is ísle den chuar AC.

**8**

**(iii)** Mínigh dhá athrú i gcoinníollacha an mhargaidh (tréithe) a ligeann don mhargadh bogadh ó **Mhonaplacht go Olagaplacht.** **2 x 3**

- **An líon comhlachtaí sa mhargadh**: ní bhíonn ach aon chomhlacht amháin i monaplacht. Bíonn níos mó comhlachtaí in olagaplacht agus d'fhéadfadh líon beag comhlachtaí (a bheith i gceannas ar an earnáil).
- **An aidhm a bhíonn ag an gcomhlacht ná brabús a uasmhéadú** sa mhonaplacht. B'fhéidir go mbeadh aidhmeanna eile ag comhlacht in olagaplacht seachas an brabús a uasmhéadú i.e., cur isteach ón rialtas a sheachaint, cur in aghaidh comhlachtaí eile a bhíonn ag teacht isteach srl.
- **Maireann difreáil táirgí in olagaplacht** de réir mar a chaitheann comhlachtaí an-chuid le cur ina luí ar thomhaltóirí gurb é an táirge/a tseirbhís acu siúd is fearr. De ghnáth, ní théann comhlachtaí in iomaíocht lena chéile maidir le praghsanna chun praghaschoimhlint a sheachaint. Ní bhíonn aon chuid de seo riachtanach sa mhonaplacht.

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Faoin mbliain 2030, meastar go mbeidh thart ar 500,000 feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann agus tá moltaí i bhfeidhm faoi láthair le cosc a chur ar fheithiclí lena ngabhann astaíochtaí neamhnialasacha.<br>In oiriúint ó www.esbnetworks.ie | |
| **(i)** | Mínigh dhá **dhúshlán** atá le sárú ag geilleagar na hÉireann maidir le cumann thionscal mótar na hÉireann a athrú go tionscal atá neodrach ó thaobh carbóin de.<br><br>• **Costas toirmeascach na ngluaisteán leictreach.** Bac amháin do thomhaltóirí agus cinneadh á dhéanamh acu feithiclí leictreacha a cheannach ná go mbíonn praghsanna níos iomaíche ag gluaisteáin pheitril/díosail den méid céanna go minic.<br>• **An raon atá ag an bhFeithicil Leictreach sular gá í a luchtú.** Ábhar buartha amháin a bhíonn ag tomhaltóirí feithiclí leictreacha ná go bhfuil an raon iomlán a bhíonn ag feithicil leictreach i bhfad níos giorra ná inneall atá líonta go hiomlán le peitreal/díosal.<br>• **Áiseanna luchtaithe curtha ar fáil/costas ard cumraíochta/caiteachas ard caipitil.** Chun go mbeadh rath ar an scéim seo is gá don rialtas tabhairt faoi infheistíocht chaipitil ar scála mór chun áiseanna luchtaithe a chur ar fáil d'fheithiclí leictreacha.<br>• **Deischostas caiteachais ar áiseanna luchtaithe.** Beidh ar an rialtas tabhairt faoi anailís costais is tairbhe ós rud go mbeidh deischostas ag baint leis an gcaiteachas rialtais seo. D'fhéadfadh úsáid a bheith bainte as an maoiniú seo i réimsí eile.<br>• **Soláthar sásúil leictreachais curtha ar fáil.** Bíonn baol ag baint le lándorchú leictreachais i gcónaí. Tá brú á chur ag ionaid sonraí ar an soláthar leictreachais in Éirinn. Má tá an soláthar leictreachais faoi bhrú chomh mór seo faoi láthair caithfear a fhiosrú cad as a thiocfaidh an acmhainn bhreise chun breosla a chur sna gluaisteáin seo.<br>• **Ceannach isteach ón bpobal.** Chun gur féidir leis an bpobal aistriú go Feithiclí Leictreacha, beidh ar rialtas na hÉireann / an tionscal mótar a chur ina luí ar an daonra glacadh leis an riachtanas a bhaineann leis an aistriú go Feithiclí Leictreacha. Má tharlaíonn sé nach n-aistríonn tomhaltóirí i dtreo na bhfeithiclí leictreacha de réir a chéile teipfidh ar an bplean. | **2 x 4**<br>**(2+2)** |


| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | Pléigh cúis amháin ar cheart do rialtas na hÉireann **cead pleanála a thabhairt** d'ionaid sonraí bhreise in Éirinn agus cúis amháin **nár cheart** don rialtas **cead pleanála a thabhairt.**<br><br>**Cúiseanna le cead pleanála a thabhairt:**<br>• **Tacaíonn le hearnáil na teicneolaíochta in Éirinn.** Tá forbairt mhór theicneolaíoch tagtha ar Éirinn le blianta beaga anuas. Tá ríthábhacht ag baint le fás agus forbairt leanúnach sna réimsí seo le cur leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe in Éirinn.<br>• **Tacaíonn le fostaíocht in earnáil na teicneolaíochta/STEM.** Is ionann poist STEM agus aon trian de mhargadh saothair na hÉireann. Trí fhorbairt bhreise a cheadú san tionscal seo, cuirfear poist bhreise ar fáil go leanúnach do dhaoine san earnáil seo.<br>• **Foinse ioncaim don rialtas.** Tá éileamh ollmhór ar ionaid sonraí agus bíonn brabús mór ag baint leo dá bharr. Bíonn buntáiste le baint ag rialtas na hÉireann as an gcáin bhreise a ghearrtar ar thuilleamh na gcomhlachtaí seo agus a gcuid fostaithe.<br>• **Infheistiú is ea an infheistíocht sa sreabhadh ciorclach ioncaim.** Ba cheart infheistíocht bhreise sa sreabhadh ciorclach ioncaim a spreagadh mar go bhféadfadh éifeacht iolraitheora a bheith aige, a chuireann le fás níos mó sa gheilleagar.<br>• **D'fhéadfadh sé FDI níos mó a spreagadh.** Chuimhneodh MNC áirithe ar lonnú in Éirinn má fheiceann siad go bhfuil fás ag teacht ar infhaighteacht na n-ionad sonraí seo atá anseo.<br><br>**Cúiseanna nár cheart cead pleanála a thabhairt:**<br>• **Tá an soláthar leictreachais faoi bhrú in Éirinn.** Agus riosca ag baint le lándorchuithe leanúnacha mar gheall ar ghanntanas leictreachais in 2021, caithfear a fhiosrú an bhfuil na hacmhainní ag Éirinn le dul i ngleic le dísciú mór leictreachais eile.<br>• **Deischostas talún agus acmhainní eile á úsáid ag ionaid sonraí.** Dá mhéad den talamh a úsáidtear sna hionaid sonraí is ea is lú talún a bheadh ar fáil le húsáid eile a bhaint aisti agus d'ardódh an praghas atá uirthi dá bharr.<br>• **Aisdúichiú tuillimh ag comhlachtaí eachtracha.** Comhlachtaí atá faoi úinéireacht eachtrach atá sna hionaid sonraí agus dá bhrí sin, is dócha go ndéanfar a mbrabús a aisdúichiú ar ais go dtí a dtír dhúchais. Dá bhrí sin, cé go gcuirfidh a gcuid táirgthe lenár OTI ní chuirfidh sé lenár OTN. | **4 (2+2)**<br><br>**4 (2+2)** |

# Ceist 13

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|

**(a)**

Taispeántar sa ghrafaic eolais thíos na foinsí ioncaim agus na réimsí caiteachais mar sciar de gach euro a fuair agus a chaith rialtas na hÉireann in 2020.




www.cso.ie

**(i)** Agus úsáid á baint as an ngrafaic eolais thuas, mínigh cén fáth a bhfuil tairbhí sóisialta mar sciar chomh mór sin de chaiteachas an rialtais.
Bain úsáid as sampla de thairbhe sóisialta le tacú le do fhreagra.

Is cuid mhór í an chosaint shóisialta de chaiteachas an rialtais mar:

- Tá sé mar chuspóir ag an rialtas **ioncam a athdháileadh** ó shaothraithe ar ioncam ard chuig saothraithe ar ioncam íseal i ngeilleagar na hÉireann.
- **Bíonn níos mó daoine sa staid sin ag brath ar thacaíochtaí rialtais** chun na hearraí/seirbhísí a cheannach atá riachtanach le maireachtáil.
- Tá ról níos mó i ndán ag an rialtas dóibh anois ó thaobh aghaidh a thabhairt ar **na deacrachtaí a bhíonn ag saoránaigh ar gá dóibh a bheith ag brath ar an ngeilleagar margaidh.** — **5**
- **Cuireadh dianghlasáil i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020.** Chuir an rialtas tús le scéimeanna ar nós PUP, EWSS, TWSS srl a mhéadaigh caiteachas ar thairbhí sóisialta.

Sampla:

- Cabhraíonn íocaíochtaí ar nós **tairbhe dífhostaíochta** le héagothroime ioncaim a laghdú in Éirinn agus le caighdeán maireachtála íosta a chinntiú. — **4**

**(ii)** Baineann rialtas na hÉireann úsáid as cáin **dhíreach** agus **indíreach** chun ioncam an rialtais a mhéadú. Déan idirdhealú idir an dá chineál cánach sin. Tabhair samplaí den dá cheann acu chun tacú le do fhreagra.

Tugtar **cánacha díreacha** ar na cánacha a ghearrtar ar ioncom agus ar shaibhreas. m.sh., Í.M.A.T. agus cáin gnóthachan caipitiúil. — **6 + 2**

Tugtar **cánacha indíreacha** ar na cánacha a ghearrtar ar chaiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí. m.sh., C.B.L. agus dualgais mháil. — **6 + 2**

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Is féidir le rialtais spreagthaí a úsáid chun iompar daonna áirithe a ghríosú agus an córas cánach le cur i gcoinne iompar daonna áirithe. | |
| **(i)** | Mínigh **spreagadh** féideartha amháin a bhféadfadh an rialtas úsáid a bhaint as chun iompar daonna áirithe a ghríosú agus **beart cánach** féideartha amháin le cur i gcoinne iompar daonna áirithe.<br><br>Tabhair sampla mar thacaíocht le do fhreagra i ngach cás.<br><br>**Spreagadh a thabhairt:**<br>• **Soláthar deontais chun feithiclí leictreacha a cheannach** - d'fhéadfaí daoine a spreagadh le haistriú go Feithiclí Leictreacha chun astaíochtaí carbóin a laghdú.<br>• **Soláthar deontas chun tithe a aisfheistiú / painéil ghréine a shuiteáil** - d'fhéadfadh inbhuanaitheacht fhadtéarmach a spreagadh d'úinéirí tí.<br>• **Laghdú ar ráta CBL do ghnólachtaí san earnáil fáilteachais** - seans go spreagfaí méadú ar úsáid a gcuid seirbhísí, rud a chuirfeadh le forbairt inbhuanaithe / níos mó fostaíochta.<br>• **Maoiniú ar scéim REPS** - d'fhéadfadh a bheith ina chabhair ar timpeallacht na tuaithe trí rannpháirtíocht bhreise a spreagadh.<br><br>**Cur i gcoinne:**<br>• **Cáin na málaí plaisteacha** - chuir cáin na málaí plaisteach i gcoinne a n-úsáide; spreagann daoine le húsáid a bhaint as málaí fadsaoil, a laghdaíonn an méid acmhainní a chuirtear amú.<br>• **Cánacha níos airde ar earraí díluaíochta** - dualgais mháil arda a chur i bhfeidhm ar thoitíní.<br>• **Fíneálacha le haghaidh cionta bóthair** - trí fhíneálacha grádaithe a chur i bhfeidhm d'fhéadfaí cur i gcoinne an iompair chontúirtigh sa tiomáint, a chiallaíonn go mbeadh níos lú timpistí ann / nach marófaí an oiread céanna daoine.<br>• **An scéim um rothaíocht chun na hoibre** - an aidhm atá ag an scéim seo ná oibrithe a spreagadh le rothaíocht chun na hoibre agus abhaile arís. Baineann teorainneacha leis. Is féidir an íocaíocht a shocrú trí ghlacadh le laghdú pá thar thréimhse áirithe ama. | **7**<br>**(4+3)**<br><br>**7**<br>**(4+3)** |
| **(ii)** | Mínigh dhá idirghabháil, seachas spreagthaí/cánacha, a bhféadfadh rialtas iad a chur i bhfeidhm le tionchar a bheith acu ar iompar tomhaltóirí.<br><br>• D'fhéadfadh **íosphraghsanna** ar nós íosphraghas an aonaid ar alcól bac a chur ar thomhaltóirí na táirgí sin a cheannach ós rud é go bhfuil siad níos costasaí anois.<br>• D'fhéadfadh **feachtais fógraíochta** cabhrú sa chás go dteipeann ar an eolas tionchar a bheith aige ar thomhaltóirí an táirge a cheannach m.sh., bord bia nó gan an táirge a cheannach m.sh. toitíní.<br>• Tá seans ann go mbainfeadh **srianta ar fhógraíocht** an aird ó tháirge ar leith ar mhaith leis an rialtas go dtiocfadh laghdú ar an úsáid atá á baint as m.sh., fógraíocht ar mhearbhia a chosc laistigh d'achar áirithe ó scoileanna. | **2 x 6**<br>**(3+3)** |

| | | |
|---|---|---|
| | • Chabhródh **cláir oideachais sna scoileanna** le saoránaigh cinntí níos eolaí a thógáil maidir le conas is fearr a bheith mar shaoránaigh agus mar thomhaltóirí eiticiúla agus inbhuanaithe.<br>• D'fhéadfadh **pacáistiú agus lipéadú ar tháirge** eolas breise a chur ar fáil do thomhaltóirí chun go mbeidís ar an eolas faoi na dainséir a bhaineann leis an táirge i.e., rabhaidh ar alcól go mbíonn impleachtaí díobhálacha aige ar an tsláinte.<br>• D'fhéadfadh **uasphraghsanna** tarlú sa mhargadh más amhlaidh go gceapann an rialtas go bhfuil praghas cothromaíochta an mhargaidh ag teacht i dtír ar thomhaltóirí. D'fhéadfaí éileamh níos mó a spreagadh tríd an bpraghas a ísliú m.sh. rialuithe cíosa. | |
| **(c)** | Tá Rialtas na hÉireann tar éis clárú leis an bplean atá ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun leasú a dhéanamh ar na rialacha domhanda cánach. Is éard a bheidh i gceist leis na leasuithe seo ná go **ngearrfar cáin chorparáideach ag ráta 15%** ar chomhlachtaí in Éirinn a bhfuil ioncam bliantúil €750 milliún nó níos mó acu, gearrfar ráta 12.5% ar na comhlachtaí eile ar fad.<br>In oiriúint ó rte.ie | |
| **(i)** | Mínigh na héifeachtaí féideartha cánach a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart seo ar gheilleagar na hÉireann.<br>• **Fáltas cánach níos mó le haghaidh rialtas na hÉireann.** Anois agus ráta cánach níos airde á ghearradh ar bhrabús na gcomhlachtaí a bhfuil an méid is mó á thuilleamh acu, beidh fáltas cánach níos airde i gceist i gcás rannóg an státchiste - ar an gcoinníoll nach n-aistríonn comhlachtaí áirithe dá bharr.<br>• **Níos cothroime mar go n-íocann na saothraithe is airde níos mó.** Cruthaíonn an ráta cánach breise seo córas cánach forásaí. De réir mar a thagann méadú ar an tuilleamh, tagann méadú ar chéatadán an fháltais chánach.<br>• **Níos lú tuillimh aisdúichithe ó chomhlachtaí móra.** Is comhlachtaí eachtracha iad an-chuid de na comhlachtaí a bhfuil an tuilleamh is airde acu in Éirinn. Tríd an ráta cánach a mhéadú fanfaidh níos mó den ioncam a thuillfidh siad in Éirinn sa tír agus rachaidh sé chun tairbhe do mhuintir na hÉireann.<br>• **Tacaíonn le naíthionscail/tionscail dhúchasacha in Éirinn.** Tríd an ráta cánach a mhéadú i gcás na gcomhlachtaí sin a bhfuil níos mó ná €750 milliún in aghaidh na bliana á thuilleamh acu amháin, is iad na comhlachtaí is mó agus is seanbhunaithe amháin a bhraithfidh ualach na cánach. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh an cháin seo mar bhac ar ghnólachtaí nua-thionscanta nó pionósach ar naíthionscail.<br>• **Seans go gcuirfear i gcoinne FDI in Éirinn/d'fhéadfadh comhlachtaí áirithe imeacht.** Mar iarmhairt dhiúltach a bhaineann leis an gcáin mhéadaithe seo, tá an baol ann go mbeartódh comhlachtaí seanbhunaithe áirithe bogadh ar aghaidh go suíomhanna atá níos éifeachtúla ó thaobh costais de. D'fhéadfadh éifeacht dhiúltach a bheith aige seo ar an bhfostaíocht.<br>• **Caidrimh níos fearr le páirtithe trádála.** Tá brú breise ann le blianta beaga anuas tabhairt faoi oiriúnaithe inár gcuid beartas cánach, ón AE agus ó SAM go háirithe. Trí ghéilleadh dá mianta go pointe áirithe, ba cheart go gcabhródh sé sin le feabhas a chur ar ár gcaidrimh idirnáisiúnta. Ní chaithfear le hÉirinn mar thearmann cánach níos mó. | **2 x 8**<br>**(4 + 4)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | Ar cheart do Rialtas na hÉireann ráta cánach corparáidí 15% a ghearradh ar **na comhlachtaí ar fad** in Éirinn beag beann ar an láimhdeachas bliantúil acu (comhlachtaí san áireamh a bhfuil láimhdeachas bliantúil acu níos lú ná €750 milliún)? Ba cheart / Níor cheart. Tabhair míniú ar do fhreagra.<br><br>**I bhFabhar an Chur i bhFeidhm:**<br><br>• **Ioncam cánach níos mó i gcomhair rialtas na hÉireann.** Dá ngearrfaí ráta níos airde ar bhrabúis na gcomhlachtaí ar fad, bheadh fáltas cánach níos airde i gceist le haghaidh rialtas na hÉireann a chabhródh leo seirbhísí stáit níos fearr a sholáthar.<br>• **Níos mó seasmhachta ag baint leis an ioncam cánach a bhailítear.** D’fhéadfadh an rialtas brath ar shreabhadh ioncaim níos leanúnaí mar go mbíonn an t-ioncam cánach a bhailítear ó MNCs níos luainí.<br>• **Córas cánachais níos cothroime.** Má bhailítear ioncam cánach níos mó ón gcáin chorparáideach, seans go bhféadfadh an rialtas na rátaí a bhaineann leis an gcáin ioncaim a athrú; CBL; dualgais mháil - an córas a dhéanamh níos cothroime don chuid is mó de cháiníocóirí.<br><br>**I gcoinne an chur i bhfeidhm:**<br><br>• **Naíthionscail.** Tá gnólachtaí nua-thionscanta níos leochailí i dtaobh tuairteanna geilleagracha. Má bhíonn níos lú brabús fágtha mar gheall ar ráta cánach níos airde seans go mbeidh siad níos leochailí fós.<br>• **Bac ar infheistíocht.** B’fhéidir go gcuirfidh an cháin níos airde bac ar chomhlachtaí nua tosú mar go mbíonn an cháin níos airde mar chostas breise dóibh.<br>• **Ní bhíonn an oiread céanna sócmhainní le cur le chéile ag comhlachtaí dúchasacha.** Is féidir le comhlachtaí atá níos seanbhunaithe a gcuid costas a leathadh amach thar réimse aschuir níos leithne agus stór sócmhainní níos mó, agus d’fhéadfadh sé seo a chinntiú nach mbeidh an t-ualach cánach ródhian orthu. | **8**<br>**(4+4)** |

| | Ceist 14 | |
|---|---|---|
| | **Freagraí féideartha** | **Uas. Marc** |
| **(a)** | Tá ardú 30% tagtha ar an gcostas a bhaineann le teach a thógáil in 2021. Tá ardú ollmhór tagtha ar gach rud, ón bpraghas a bhaineann le mála suiminte, an t-adhmad ar an díon, agus an chruach. Bhí an costas a bhain le teach a cheannach ag deireadh na bliana 2021 €70,000 níos mó ná mar a bhí sa bhuiséad ag an tús. In oiriúint ó rte.ie | |
| **(i)** | Mínigh an téarma **boilsciú de bharr costbhrú** le tagairt déanta don ráiteas thuas.<br><br>Déanann **boilsciú de bharr costbhrú** tagairt do **mhéaduithe ar mheánphraghas earraí agus seirbhísí a tharlaíonn mar thoradh ar mhéaduithe ar an gcostas a bhaineann le táirgeadh** na n-earraí críochnaithe / sa chás go mbíonn tionchar ag méadaithe ar chostas an táirgthe ar an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos airde.<br><br>Sa sampla thuas agus méadú tagtha ar an gcostas atá ar amhábhair tithíochta m.sh., suimint agus adhmad, a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar phraghas na dtithe ar fud na tíre. | **6 (3+3)** |
| **(ii)** | Roghnaigh cén saghas costais is fearr a dhéanann cur síos ar gach ceann díobh seo a leanas trí thic (✓) a chur leo. Mínigh do rogha. | |

| Costas Tógála | Costas Seasta | Costas Athraitheach | Míniú | |
|---|---|---|---|---|
| **Málaí Suiminte** | | ✓ | De réir mar a tháirgtear níos mó tithe, beidh níos mó den amhábhar, suimint, ag teastáil. De réir mar a thagann méadú ar an aschur, tagann méadú ar chostas an táirgthe chomh maith, dá bhrí sin is costas athraitheach é. | **(2+4)** |
| **Siúinéirí (Saothar)** | | ✓ | De réir mar a dhéantar níos mó aschuir a tháirgeadh, tithe, beidh níos mó den lucht saothair ag teastáil chun iad a tháirgeadh. De réir mar a thagann méadú ar an aschur, tagann méadú ar chostas an táirgthe chomh maith, dá bhrí sin is costas athraitheach é. Nóta: *B'fhéidir go bhfuil Conradh Seasta mar chuid de chonradh praghais seasta.* | **(2+4)** |
| **Praghas ceannaigh suíomh tógála** | ✓ | | Beidh an costas a bhaineann le ceannach an tsuímh fós le híoc is cuma an ndéanfar níos mó nó níos lú tithe a tháirgeadh. Is cuma má bhíonn teach amháin nó 100 teach ar an suíomh, beidh an costas céanna ag baint leis. De réir mar a thagann méadú ar an aschur, bíonn an costas mar an gcéanna, dá bhrí sin, is costas seasta é. | **(2+4)** |

**(b)** Sna figiúirí thíos, léirítear an costas a bhaineann le gnáth-theach leathscoite a thógáil ina bhfuil trí sheomra leapa faoin tuath in Éirinn. In oiriúint ó scsi.ie


**(i)** Déan na figiúirí atá in easnamh ag A, B, agus C a ríomh sa tábla.

**Ríomhanna:**

| A: Costas Iomlán | B: Meánchostas Athraitheach | C: Costas Imeallach |
|---|---|---|
| 100,000<br>+ 260,000 | $\frac{400,000}{2}$ | 450,000<br>– 400,000 |
| €360,000 | €200,000 | €50,000 |

**9**

**(ii)** Agus úsáid á baint as na figiúirí a fuarthas sa tábla tarraing agus lipéadaigh iad seo a leanas: na **Costais Sheasta**, **Costais Athraitheacha**, agus **Costais Iomlána** ar an bpáipéar graif thíos.




**TC:5**

**VC:5**


**FC: 2**

**Aiseanna 4**

**(iii)** Má thuilleann an comhlacht €55,000 ar aonad breise aschuir a táirgeadh, cé mhéad teach ar cheart dó a tháirgeadh? Mínigh do fhreagra. **5**

Ba cheart don chomhlacht **4 theach** a tháirgeadh.
Ag aonad 4 is é €55,000 an costas imeallach a bhaineann leis an táirgeadh. Sonraítear sna rialacha a bhaineann le huasmhéadú brabúis gur cheart do chomhlacht earraí a tháirgeadh sa chás **gurb ionann an costas imeallach agus an t-ioncam imeallach.**
Is ionann an costas breise a bhaineann leis an 4ú teach a tháirgeadh agus an t-ioncam breise a fuarthas ó dhíol an tí.

(c)




(i) Bunaithe ar na sonraí thuas déan an **meándealú** inscne ó thaobh pá de a ríomh sna cúig thír Eorpacha seo. Taispeáin do chuid oibre ar fad. **8**

**21.7 + 19.2 + 14 + 11.3 + 1.3 = 67.5 ÷ 5 = 13.5**

(ii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil dealú inscne ó thaobh pá de fós ann in an-chuid tíortha Eorpacha **5 (2+3)**


- **Leithcheal san ionad oibre:** seans nach mbeadh an pá céanna á fháil ag mná agus ag fir cé go ndéanann siad an obair chéanna mar gheall ar leithcheal mídhleathach san ionad oibre.
- **Easpa forfheidhmithe ag gníomhaireachtaí AE:** ní dhéanann gníomhaireachtaí stáit an reachtaíocht atá ann faoi láthair a fhorfheidhmiú nó b'fhéidir nach ngníomhóidís i gcoinne na gciontóirí.
- **Cothromaíocht a aimsiú idir freagrachtaí oibre agus teaghlaigh:** déanann mná áirithe níos lú uaireanta a chloig a oibriú agus is minic a oibríonn siad ar bhonn páirtaimseartha chun freastal ar fhreagrachtaí teaghlaigh chomh maith le bheith ag obair ar phá. Is féidir le saoire mháithreachais cur isteach ar an gconair ghairme.
- **'Síleáil ghloine'/níos lú ban i bpoist shinsearacha agus cheannaireachta:** tá tearcionadaíocht ag mná sa chuid is mó de na poist shinsearacha, sa pholaitíocht agus in earnálacha áirithe laistigh den gheilleagar ar nós boird bhainistíochta.
- **Poist dhifriúla, earnálacha difriúla:** bíonn poist dhifriúla ag mná agus ag fir agus bíonn siad ag obair in earnálacha difriúla go minic. Is mná iad 80% de na hoibrithe a bhíonn ag obair i gcúrsaí sláinte agus sóisialta.
- **Obair agus scileanna na mban nach bhfuil aitheantas tugtha dóibh:** is minic nach dtugtar aitheantas ceart do scileanna ná do bhuanna na mban, go háirithe sna poist a bhfuil siad mar mhóramh iontu. Léirítear é seo sna rátaí ísle pá.
- **Ról inscne na mban / traidisiún:** seans go bhfuil daoine áirithe fós den tuairim gur cheart go bhfanfadh mná sa bhaile agus na páistí a thógáil agus gurb é sin ról na mban sa tsochaí. Seans go bhfuil rátaí níos ísle i sochaithe áirithe mar thoradh air seo.

| | | |
|---|---|---|
| **(iii)** | Pléigh argóint **amháin** i bhfabhar agus argóint **amháin** i gcoinne chur i bhfeidhm an 'Phá Mhaireachtála' €12.90 in aghaidh na huaire mar Íosphá Náisiúnta le haghaidh na bliana 2023.<br><br>**<u>Argóintí ina bhfabhar</u>:**<br><br>**Dáileadh ioncaim níos cothroime a thabhairt isteach.**<br>Gheobhaidh daoine a bhí ar leibhéil phá níos ísle meánleibhéal pá níos airde anois agus cabhraíonn sé seo leis an saibhreas a athdháileadh laistigh de thír.<br><br>**Cosaint do na daoine is leochailí de réir dlí.**<br>Bíonn cosaint níos fearr de réir dlí ag oibrithe leochaileacha ó leithcheal ó fhostóirí éagothroma.<br><br>**Fadhb na bochtaineachta a laghdú.**<br>Cinnteoidh méadú ar an íosphá go mbeidh pá maireachtála mar thoradh ar an bpá ón obair, rud a chabhróidh leis an mbochtaineacht a laghdú sa tír.<br><br>**Caighdeán maireachtála an oibritheora a mhéadú.**<br>Trí íosphá méadaithe a chur ar fáil tagann méadú ar ioncam indiúscartha na n-oibrithe agus tagann méadú ar a gcaighdeán maireachtála leis.<br><br>**Spreagadh breise le dul i mbun oibre.**<br>Nuair a fheiceann oibrithe go bhfuil méadú ag teacht ar leibhéil phá seans go meallfar níos mó daoine chun an fhórsa saothair / cabhróidh le hoibrithe reatha a choimeád / cabhróidh le táirgiúlacht a mhéadú.<br><br>**Cur leis an bhfás eacnamaíoch.**<br>Tiocfaidh méadú ar an gcaitheamh airgid sa gheilleagar mar thoradh ar ioncaim níos airde agus tabharfar spreagadh don fhás eacnamaíoch / don fhostaíocht. | **4**<br>**(2+2)** |
| | **<u>Argóintí ina choinne</u>:**<br><br>**Méadaíonn costas an ghnó.**<br>Seans go gcuirfeadh gnólachtaí agus ceardchumainn i gcoinne chur i bhfeidhm an Phá Mhaireachtála mar gheall go dtiocfadh méadú ar an gcostas táirgthe acu, a chiallaíonn go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí áirithe maireachtáil.<br><br>**Boilsciú de bharr costbhrú.**<br>D'fhéadfadh méadú teacht ar an gcostas a bhaineann le táirgeadh mar thoradh ar an méadú a thiocfadh ar an íosphá go dtí an Pá Maireachtála a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos airde.<br><br>**D'fhéadfadh laghdú teacht ar fhostaíocht dá bharr.**<br>Cé go mb'fhéidir gur mian le níos mó fostaithe dul i mbun oibre, a chiallaíonn go mbeadh fórsa saothair níos leithne ann, b'fhéidir go mbeartódh comhlachtaí gníomhú i gcoinne na gcostas atá ag méadú trí chuíchóiriú a dhéanamh ar a bhfórsa saothair. Seans go bhfágfadh sé sin go mbíonn níos lú daoine fostaithe ná mar a bhí sular cuireadh an Pá Maireachtála i bhfeidhm.<br><br>**D'fhéadfadh bac a chur ar FDI.**<br>Tá baol ann go mbraithfeadh comhlachtaí áirithe a bhfuil infheistíocht déanta acu in Éirinn ó thíortha eachtracha gur bac atá sa mhéadú ar an gcostas táirgthe agus go mbeartóidís gan oibriú anseo. B'fhéidir go mbeartódh comhlachtaí atá anseo cheana athlonnú go tíortha ísealchostais eile. B'fhéidir nach gcuirfeadh comhlachtaí nua Éire san áireamh le haghaidh FDI. | **4**<br>**(2+2)** |

## Ceist 15

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|

**(a)** Taispeántar sa chairt thíos an fhorbairt ar tháirgeadh an bhainne in Éirinn ó 1975 go 2020.





**(i)** Déan anailís ar **dhá** phríomhthreocht i dtáirgeadh an bhainne Éireannaigh le linn na tréimhse ama atá sonraithe sa chairt thuas. **2 x 4 (2+2)**

- **Méadú tapaigh** ar tháirgeadh bainne ó thart ar **3,200 go 5,500 milliún** lítear idir **1975 agus 1984.**
- Tagann **laghdú beag** ar tháirgeadh an bhainne ó **5,500 go 5,000** milliún lítear idir thart ar **1985 agus 1987.**
- Tá **leibhéil sheasmhacha táirgthe** ann idir **1987 agus 2010,** agus thart ar **5,000 milliún lítear bainne á tháirgeadh.**
- **Méadú tapaigh** ar tháirgeadh bainne ó thart ar **5,000 go 8,500** milliún lítear idir **2010 agus 2020**.

**(ii)** Mínigh gach ceann de na téarmaí eacnamaíocha seo a leanas i gcomhthéacs na talmhaíochta in Éirinn. **2 x 4**


**Fóirdheontas:** íocaíocht atá i gceist ón rialtas le táirgeadh earra/seirbhíse a spreagadh. Íocann rialtas na hÉireann fóirdheontais le feirmeoirí mairteola, muc, agus caorach.

**Cuóta**: an teorainn uasta a chuirtear i bhfeidhm ar mhéid earra a bhfuil cead é a tháirgeadh. Sa chás go sáraítear an méid seo cuirfear pionóis i bhfeidhm ar an táirgeoir. Baineadh na cuótaí ó tháirgeadh an bhainne Éireannaigh sa bhliain 2015.

| | | |
|---|---|---|
| **(iii)** | Cuireadh cúnamh deontais €395m ar fáil d'fheirmeoirí Éireannacha chun feabhas a chur ar réimse foirgneamh feirme / chun foirgnimh feirme a thógáil nó chun trealamh a cheannach a chabhródh leis an ngnó feirme acu m.sh. innill chrúite.<br>In oiriúint ó www. agriland.ie<br><br>Mínigh, agus úsáid á baint agat as léaráid iomlán lipéadaithe thíos, cén tionchar a bheidh ag an gcúnamh deontais seo ar an bpraghas cothromaíochta agus ar mhéid an bhainne.<br><br><br><br><br>• Ba cheart go gcabhródh an deontas seo le costais a laghdú &/nó a bheith níos éifeachtúla.<br>• Mar thoradh air seo, gluaiseann cuar an tsoláthair ar dheis ó $S_1$ go $S_2$.<br>• Tagann laghdú ar an bpraghas cothromaíochta (ó $P_1$ go $P_2$).<br>• Tagann méadú ar an gcainníocht a sholáthraítear (ó $R_1$ go $R_2$). | **9**<br><br>**5** |

**(b)** **4 + 4**

Léirítear rátaí malairte an Euro (€) go dtí an Punt Steirling (£) sa ghraf thíos.
Nollaig 2012 - Nollaig 2021



Arna chur in oiriúint ó ecb.europa.eu

**(i)**

Déan tréimhse amháin a shainaithint a ndéanann an Euro an Punt Steirling a dhímheas. Mínigh do fhreagra.

**2 x 7**
**(4 + 3)**

Le linn na tréimhse **Nollaig 2013 go Nollaig 2015.**
Is féidir é seo a fheiceáil de réir mar a thagann laghdú ar an líon Steirlinge a cheannaítear in aghaidh an Euro ó thart ar 0.80 pingin go 0.70 pingin.
**NÓ**
Le linn na tréimhse **Nollaig 2018 go Nollaig 2019.**
Is féidir é seo a fheiceáil de réir mar a thagann laghdú ar an líon Steirlinge a cheannaítear in aghaidh an Euro ó thart ar 0.90 pingin go 0.85 pingin.
**NÓ**
Le linn na tréimhse **Nollaig 2020 go Nollaig 2021.**
Is féidir é seo a fheiceáil de réir mar a thagann laghdú ar an líon Steirlinge a cheannaítear in aghaidh an Euro ó thart ar 0.90 pingin go 0.85 pingin.

**(ii)**


Seachas an t-athrú ar na rátaí malairte idir an dá airgeadra, mínigh an dá thionchar eile a bhí ag an mBreatimeacht ar an gcaidreamh trádála idir an RA agus Éire.

**Éifeacht dhiúltach fhéideartha ar easpórtálacha na hÉireann.**
Tá an RA mar cheann scríbe ag thart ar 15 faoin gcéad d'earraí agus de sheirbhísí na hÉireann. In earnálacha áirithe, tá tábhacht ar leith ag baint leis an RA mar mhargadh, ar nós na hearnála agraibhia, áit a gcuirtear thart ar 40 faoin gcéad d'easpórtálacha go dtí an RA. Cuirfear isteach ar na tionscail a sholáthraíonn go hearnálacha na heaspórtála chomh maith. Anuas air sin, baineann dhá thrian d'easpórtálaithe na hÉireann úsáid as droichead talún na Ríochta Aontaithe chun go mbeadh teacht acu ar mhargaí na Mór-roinne, agus d'fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn d'easpórtálaithe na hÉireann ar mian leo calafoirt farantóireachta RA a sheachaint.

**Éifeachtaí ar earnáil na talmhaíochta / earnálacha agraibhia / tionscail mhara.**
Laghdóidh an Breatimeacht an rochtain fhabhrach atá ag táirgeoirí an AE ar mhargadh RA agus dá bhrí sin, laghdófar na buntáistí costais atá ag táirgí talmhaíochta na hÉireann i margadh RA i gcomparáid le táirgí cosúla m.sh. táirgí déiríochta ón Nua-Shéalainn nó mairteoil ón Astráil. Meascán de tharaifí, de chostais custam, agus an riosca a bhaineann le dibhéirseacht rialála is cúis leis na tionchair ar an earnáil agraibhia. Tá an baol ann go ndéanfaidh Tionscal Iascaireachta na hÉireann go dona sa Bhreatimeacht chomh maith, mar gheall ar shrianta.

| | | |
|---|---|---|
| | **Éifeachtaí sa mhargadh saothair.**<br>Déanfar na héifeachtaí atá ar an margadh saothair a dheimhniú tríd an éileamh atá ar easpórtálacha na hÉireann i margadh RA. Gach seans go mbeidh éileamh níos lú ann ón RA i gcás earnálacha easpórtála áirithe agus dá bhrí sin, tagann laghdú ar an taithí sna leibhéil fostaíochta. Má dhéanann comhlachtaí eachtracha athlonnú ón RA go hÉirinn, áfach, chun go mbeadh teacht acu ar mhargadh an AE, d'fhéadfadh méadú teacht ar an bhfostaíocht in earnálacha áirithe.<br><br>**Iompórtálacha ón RA.**<br>D'fhéadfadh méadú teacht ar an gcostas a bhaineann le hiompórtálacha ón RA mar gheall ar tharaifí, ar chostais chustam, ar bhacainní riaracháin srl. D'fhéadfadh méadú teacht ar an gcostas a bhaineann le hamhábhair chomh maith, a chiallaíonn go bhféadfadh méadú teacht ar na praghsanna atá ar earraí a tháirgtear sa bhaile. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar shlabhraí soláthair de réir mar a lorgaíonn comhlachtaí Éireannacha roghanna malartacha seachas soláthraithe ón RA, a bheadh mar chúis le hardú praghsanna nó ganntanais fhéideartha. B'fhéidir go ndéanfadh tomhaltóirí Éireannacha a gcuid siopadóireachta ar líne a aistriú ó shuíomhanna ón RA go suíomhanna an AE.<br><br>**Athlonnú comhlachtaí atá bunaithe sa R.A.**<br>Comhlachtaí áirithe ag fágáil na Ríochta Aontaithe mar gheall ar dheacrachtaí atá tagtha chun cinn dá ngnólachtaí mar gheall ar an mBreatimeacht agus é beartaithe acu tosú amach in Éirinn chun go mbeadh buntáiste acu ó rochtain an AE.<br><br>**Éagobhsaíocht i dTuaisceart Éireann.**<br>Tá cúrsaí tar éis a bheith achrannach agus lán le teannas le blianta beaga anuas i dTuaisceart Éireann agus deacrachtaí móra ag baint leis an gceist a réiteach maidir le conas is fearr feidhmiú laistigh d'oileán na hÉireann, den RA agus den AE. | |
| **(iii)** | Mínigh conas mar a chabhródh tuiscint ar phraghasleaisteachas an éilimh (PED) le heaspórtálaithe Éireannacha ar mian leo an t-ioncam iomlán acu a uasmhéadú i margadh RA.<br><br>• Tá tuiscint ar Phraghasleaisteachas an Éilimh úsáideach d'easpórtálaithe mar go mbeidh tuiscint acu ar **an áit is mó a bhfuil leaisteachas ag baint leis an éileamh dá dtáirge** (ag freagairt d'athruithe ar phraghas a dtáirge) is féidir leo a roghnú **conas is fearr a gcuid praghsanna a athrú.**<br><br>• Sa chás go mbíonn **freagairt níos leaistí** ag an táirge i dtaobh athruithe ar an bpraghas sa mhargadh eachtrach, **gearrfar praghas níos ísle.**<br><br>• Sa chás go mbíonn **freagairt nach bhfuil chomh leaisteach céanna** ag an táirge i dtaobh athruithe ar an bpraghas sa mhargadh eachtrach, **gearrfar praghas níos airde.** | **6** |

**(c)** Léirítear na tíortha a bhí mar thairbhithe glana ó Bhuiséad an AE sa bhliain 2018 sa ghraf thíos.




**(i)** Agus na sonraí ón ngraf thuas in úsáid, ainmnigh an tír atá mar an ranníocóir is mó atá ag an AE agus cén tír atá mar an tairbhí is mó ag an AE. **4 + 3**

- An Ranníocóir is mó ag an AE: **AN GHEARMÁIN**
- An Tairbhí is mó ag an AE: **AN PHOLAINN**

**(ii)** Mínigh cén fáth a mbeartaíonn tíortha atá mar Thairbhithe Glana ag an AE, ainneoin an chostais airgeadais a bhíonn i gceist don tír atá mar bhall, fanacht mar bhaill den AE. **2 x 5 (2+3)**

- **Limistéar Saorthrádála / margadh níos mó / fairsingiú trádála / cothromaíocht íocaíochtaí fheabhsaithe**
  Mar bhall den AE, bíonn teacht ag baill an AE ar mhargadh níos mó d'os cionn 500 milliún duine. Is féidir na custaiméirí seo a easpórtáil saor ó tharaifí. Bíonn buntáiste le baint ag baill an AE ó chomhaontaithe coiteanna a bhíonn socraithe trí idirbheartaíocht ag an AE le tíortha eile lasmuigh den AE. Bíonn an trádáil níos éasca laistigh den AE chomh maith agus bacainní bainte / is féidir le comhlachtaí tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí na hearnála poiblí laistigh den AE.

- **Teacht ar mhaoiniú caipitil / taighde**
  Tá maoiniú speisialta faighte ag baill an AE a chabhróidh leo spriocanna áirithe infreastruchtúir a bhaint amach. Fiú sa chás gur tairbhithe glana iad na tíortha ar an iomlán, b'fhéidir go raibh an maoiniú a fuair siad mar chabhair acu agus spriocanna á mbaint amach nach bhféadfadh an tír iad a bhaint amach leo féin ag an bpointe sin ar nós feabhas ar an infreastruchtúr: deontais athoiliúna; maoiniú Erasmus le thart ar 50,000 mac léinn in Éirinn ag glacadh páirt in Erasmus ón mbliain 1987. Mar chuid den Limistéar Taighde Eorpach is féidir le baill an AE a bheith páirteach sa taighde agus san fhorbairt dhomhanda agus buntáiste a bhaint astu.

- **Saoirse gluaiseachta chaipitil / saothair**
  Tá an tsaoirse ag baill den AE a bheith ina gcónaí agus i mbun oibre i mballstát ar bith eile gan víosa ag teastáil uathu. Bíonn níos mó deiseanna staidéir / fostaíochta ar fáil leis an mballraíocht. Aithnítear cáilíochtaí Éireannacha na saoránach Éireannach a bheartaíonn tabhairt faoi obair nó staidéar thar lear ar fud an AE, faoi Chreat na gCáilíochtaí Eorpacha. Ceadaítear rochtain ar mhargaí caipitil an AE chomh maith.

- **Infheistíocht Dhíreach Choigríche / cruthú post**
  Spreagadh a bhíonn i mballraíocht an AE do chomhlachtaí atá lonnaithe lasmuigh den limistéar seo infheistíocht a dhéanamh. Más féidir le comhlachtaí eachtracha a gcuid oibríochtaí a lonnú laistigh den AE, bíonn teacht acu ar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht an AE. Caidreamh comhthairbhiúil atá san FDI seo mar go mbíonn buntáiste ón infheistíocht bhreise, ón bhfostaíocht agus ón ioncam cánach i gceist don tír.

- **Reachtaíocht agus beartais an AE**
  Déanann na beartais agus socrúcháin atá aontaithe ag an AE le ballstáit eile an AE agus le tíortha seachtracha, ar nós an CAP agus an Beartas Iascaigh, ballstáit an AE a chosaint. Déanann reachtaíocht an AE ar nós an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte, oibrithe agus tomhaltóirí a chosaint.

- **Tacaíonn leis an bPróiseas Síochána san Eoraip**
  Bhí sé ar cheann de choincheapa bunúsacha an AE tacú leis an tsíocháin san Eoraip. Tar éis don Chéad Chogadh Domhanda agus don Dara Cogadh Domhanda léirscrios a dhéanamh san Eoraip agus ar fud an Domhain, glacadh leis go raibh gá le réimse comhoibrithe san eacnamaíocht agus sa pholaitíocht chun coimhlintí mar sin a sheachaint amach anseo.

| | Ceist 16 | |
|---|---|---|
| | **Freagraí féideartha** | **Uas. Marc** |
| **(a)** | Tá uasteorainn le cur le harduithe cíosa i gcriosanna brú cíosa (RPZs) mar a thugtar orthu de réir an bhoilscithe, agus tá cosc curtha ar dhíbirtí don chuid eile den bhliain (2021) de réir dlíthe nua a bheidh á gcur i bhfeidhm ag an Rialtas.<br>In oiriúint ó The Irish Times | |
| **(i)** | Cad iad na tionchair is dóchúla a bheidh ag an idirghabháil rialtais seo ar an inbhuanaitheacht shóisialta?<br>• **Laghdú ar an easpa dídine.** Ba cheart go gcabhródh na srianta ar phraghsanna agus an deireadh a chuirfear leis an mbaol díbeartha leis an mbaol a bhaineann le heaspa dídine a mhaolú i gcás roinnt mhaith Éireannach.<br>• **Feabhas ar an gcaighdeán maireachtála.** Murar gá do shaoránaigh an méid céanna dá gcuid ioncaim a chaitheamh ar chíosanna arda, beidh siad in ann níos mó a chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí eile a chuirfidh feabhas ar an gcaighdeán maireachtála acu.<br>• **Laghdú ar an éagothroime.** Trí bhearta mar seo a chur i bhfeidhm, beidh an rialtas ag súil leis an mbeara idir daoine saibhre agus daoine bochta a laghdú chun saol na ndaoine is leochailí sa tsochaí a fheabhsú.<br>• **Seans níos fearr sábháil le haghaidh morgáiste.** Má thagann laghdú ar an mbrú a bhaineann le cíosanna, seans go mbeidh deis níos fearr ag cíosaithe ioncam breise a shábháil le haghaidh éarlais ar theach.<br>• **Slándáil níos fearr dóibh siúd atá leochaileach go heacnamaíoch.** Cuirfidh na saoránaigh atá tar éis a bheith faoi bhrú suntasach ó thaobh na heacnamaíochta de le linn na paindéime domhanda fáilte roimh na bearta seo mar go mb’fhéidir go dtabharfaí sos agus deis dóibh pleananna níos fearr a leagan amach don todhchaí. | **1 x 8**<br>**1 x 4** |


| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | Seachas uasteorainneacha cíosa, déan dhá shaghas idirghabhála rialtais eile a mholadh a chabhródh leis an éagothroime a laghdú ó thaobh mhargadh tithíochta na hÉireann de.<br><br>• **Rochtain níos fearr ar thithíocht shóisialta.** Más féidir leis an rialtas a thuilleadh tithíochta sóisialta a chur ar fáil, chabhródh sé le muintir na hÉireann atá leochaileach go heacnamaíoch a chosaint. B'fhéidir go gcabhródh sé le cuid den bhrú a bhaint den mhargadh tithíochta iomlán.<br>• **Feabhsuithe ar scéim Cabhair le Ceannach** m.sh. méadaigh ós cionn €30,000 nó tabhair cead é a úsáid ar réadmhaoin athláimhe. Má dhéantar leasú ar na riachtanais agus ar na luachanna saothair laistigh de scéim HTB chun go dtabharfaí léargas ní ba chruinne ar na riachtanais a bhíonn ag ceannaitheoirí céaduaire i margadh tithíochta na hÉireann, seans go gcabhrófaí leis an éagothroime a laghdú.<br>• **Laghdú ar an riachtanas iasachta morgáiste le haghaidh daoine ar ioncam íseal.** Má laghdaíonn an ECB/Banc Ceannais an éarlais riachtanach nó má dhéanann siad déine na riachtanas eile a athrú, seans go rachadh líon na ndaoine a mbíonn teacht acu ar an margadh tithíochta i méid.<br>• **Méadú ar an íosphá.** Má dhéantar an t-íosphá a mhéadú, tabharfar deis níos fearr do dhaoine ar ioncam íseal airgead breise a shábháil le haghaidh éarlais ar theach.<br>• **Buntáistí cánach do dhaoine ar ioncam íseal** seachas iad sin a chuirtear ar fáil i scéim Cabhair le Ceannach.<br>• **Cáin ar thithe folmha.** Má chuirtear cáin ar thithe folmha i bhfeidhm, spreagadh sé tiarnaí talún gan ligean dá dtithe fanacht folamh ar feadh tréimhsí fada ama. B'fhéidir go spreagfaí cuid de na húinéirí tithe leis na tithe sin a dhíol, a chuirfeadh le soláthar na dtithe sa mhargadh.<br>• **Spreagthaí foirgneamh tréigthe.** Má chuireann an rialtas spreagthaí i bhfeidhm le huasghrádú a dhéanamh ar fhoirgnimh thréigthe ar fud na tíre, chabhródh sé sin le hathchóiriú a dhéanamh ar an-chuid foirgneamh a cailleadh sa 'Mhórchúlú Eacnamaíochta'. | **1 x 8**<br>**1 x 4** |
| **(b)** | Dúirt Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe gur cód dearg don chine daonna a bhí sa tuarascáil don inbhuanaitheacht ag an nGrúpa Oibre. Táimid i mbaol mór, agus ní fhéadfaí an fhianaise a bhréagnú. In oiriúint ó rte.ie | |
| **(i)** | Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an inbhuanaitheacht timpeallachta dár ngeilleagar amach anseo.<br><br>• **Beatha an duine i mbaol** - bíonn beatha an duine i mbaol nuair a dhéantar damáiste don timpeallacht gan bearta maolaithe ina choinne.<br>• **Glúnta amach anseo** - acmhainn nádúrtha atá sa timpeallacht agus is gá í a chosaint le haghaidh na nglúnta atá le teacht.<br>• **Caighdeán maireachtála** - murar féidir treochtaí reatha na díobhála don timpeallacht a laghdú tiocfaidh meath ar chaighdeán maireachtála daoine, anois agus amach anseo.<br>• **Modhanna táirgthe** - mura gcuirtear athruithe i bhfeidhm láithreach ar mhodhanna táirgthe reatha atá díobhálach don timpeallacht, tá seans ann go gcuirfear deireadh leis na modhanna céanna. | **7**<br>**(4+3)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | Déan **straitéisí** a mholadh a bhféadfadh rialtas na hÉireann agus saoránaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm le cabhrú leis an athrú i dtreo geilleagair atá íseal ó thaobh carbóin de.<br><br>**Rialtas:**<br><br>• **Spreagthaí breise le gluaisteáin leictreacha a cheannach.** Dá bhféadfadh an rialtas spreagthaí airgeadais nó spreagthaí eile a chur ar fáil do shaoránaigh na hÉireann le bogadh i dtreo na bhfeithiclí leictreacha, b'fhéidir go roghnódh níos mó daoine feithiclí mar seo in Éirinn.<br>• **Iniúchtaí breise timpeallachta ar mhodhanna táirgthe i gcomhlachtaí Éireannacha.** Má bhíonn an Roinn Comhshaoil níos déine agus í ag déanamh athbhreithnithe ar an tslí a ndéanann comhlachtaí a gcuid gnó in Éirinn, seans nach ndéanfadh comhlachtaí earraí a tháirgeadh i mbealaí atá díobhálach don timpeallacht.<br>• **Pionóis níos mó do chomhlachtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar an timpeallacht.** Tá seans ann go ngearrfadh an rialtas pionóis mhóra airgid ar chomhlachtaí a bhíonn ag táirgeadh i mbealaí atá díobhálach don timpeallacht.<br>• **Buntáistí cánach do chomhlachtaí a mbíonn úsáid á baint acu as modhanna táirgthe atá neamhdhíobhálach don timpeallacht.** D'fhéadfadh dóthain a bheith i gceist leis an spreagadh airgeadais seo le comhlacht a spreagadh le feabhas a chur ar a chuid cleachtas táirgthe.<br>• **Níos mó maoinithe don taighde agus don fhorbairt i limistéir ghlasa.** D'fhéadfadh an rialtas tacú le tionscnaimh ollscoile ar fud na hÉireann chun pleanáil a chur i bhfeidhm do thodhchaí glas.<br>• **Níos mó maoinithe curtha ar fáil do chláir oideachais do dhaoine óga.** D'fhéadfadh níos mó maoinithe do chláir oideachais do dhaoine óige cabhrú leis an gcéad ghlúin eile a ullmhú le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo.<br>• **Feabhas ar an infreastruchtúr d'fheithiclí leictreacha.** Dá gcuirfeadh an rialtas níos mó pointí luchtaithe ar fáil d'fheithiclí leictreacha, chabhródh sé sin le tiománaithe na hÉireann iompú i dtreo feithiclí nach ndéanann an dochar céanna don timpeallacht.<br><br>**Saoránaigh:**<br><br>• **Tomhaltas earraí níos eiticiúla** Dá mbeadh tomhaltóirí níos cúramaí faoi na táirgí a cheannaíonn siad agus dá mbeadh cur amach acu ar na próisis táirgthe a mbaintear úsáid astu leis na táirgí seo a dhéanamh, d'fhéadfadh ról gníomhach a bheith acu agus úsáid an charbóin á laghdú in Éirinn.<br>• **Iarrachtaí comhbheartaithe le húsáid earraí atá díobhálach don timpeallacht a laghdú.** Bíonn tomhaltóirí áirithe sásta táirgí a úsáid beag beann ar an tionchar a bhíonn acu ar an timpeallacht. Bhrostófaí an próiseas dá bhféadfaí an pátrún seo a athrú. M.dh. malartú go feithiclí leictreacha.<br>• **Iarrachtaí níos fearr athchúrsáil a dhéanamh ar tháirgí.** Cabhraíonn na hiarrachtaí a dhéantar síneadh a chur le saol an táirge agus é a choimeád amach ón láithreán líonadh talún na hastaíochta carbóin a scaoiltear amach sa timpeallacht a laghdú. Bhí treochtaí áirithe ar nós uaschúrsáil cabhrach ón taobh seo le déanaí. | **1 x 7 (4+3)**<br><br>**1 x 7 (4+3)** |

**(c)** Táirgtear 10% d'astaíochtaí carbóin an chine daonna san earnáil faisin. Tá sé ar an dara híditheoir is mó de sholáthar uisce an domhain agus déanann truailliú ar na haigéin. Cuirtear 85% de theicstílí go láithreáin líonadh talún gach bliain. Léirítear sa taighde go bhfuil daoine ag ceannach níos mó éadaí anois ná mar a bhí riamh ach nach bhfuil siad á gcoimeád ach ar feadh tréimhse leath chomh fada.

In oiriúint ó www.businessinsider.com

**(i)** Mínigh, agus léaráid iomlán lipéadaithe in úsáid agat, cén tionchar a bheidh ag an íosphraghsáil (**os cionn praghas cothromaíochta an mhargaidh**) a chuirfear i bhfeidhm i gcás an mhearfhaisin ar an margadh mearfhaisin. **10**




**Éifeacht ar phraghas** **5**
Trí íosphraghas a chur i bhfeidhm ar na táirgí seo, cuirfear an praghas in airde go dleathach ó $P_E$ go $P_{min}$.

**Éifeacht ar éileamh**
De réir mar a thagann méadú ar an bpraghas tiocfaidh laghdú ar an éileamh ar tháirgí ó $Q_E$ go $Q_D$.

**Éifeacht ar an margadh**
An toradh a bheidh air seo ná go mbeidh barrachas éadaí mearfhaisin ann mar a léirítear thuas.

| | | |
|---|---|---|
| **(ii)** | Mínigh dhá chéim ar féidir le **tomhaltóirí** in Éirinn a thógáil le héifeachtaí na hearnála mearfhaisin a laghdú.<br><br>**An Tomhaltóir Éireannach:**<br>• **Tomhaltas eiticiúil earraí/Déan taighde ar an táirge.** Tá freagracht áirithe ar a laghad ar an tomhaltóir a chinntiú go bhfuil an iarracht is fearr á déanamh acu táirgí a cheannach nach ndéanann dúshaothrú ar oibrithe ná ar an timpeallacht.<br>• **Iarracht chomhbheartaithe le seanéadaí a athchúrsáil.** Tomhaltóirí a dhéanann an cinneadh a gcuid éadaí a chaitheamh amach, go háirithe tomhaltóirí a chaitheann a gcuid éadaí amach go rialta, is cúis leis an méid ollmhór dramhaíola sna láithreáin líonadh talún ar fud an domhain. Is gá go ndéanfadh tomhaltóirí iarracht a gcuid éadaí a athchúrsáil ar a laghad.<br>• **Ceannacháin nach bhfuil gá leo a laghdú.** Is cuid an-mhór den fhadhb í go mbíonn i bhfad níos mó éadaí á gceannach ag daoine ná mar a bhíonn uathu ó lá go lá. Dá bhféadfadh tomhaltóirí an pátrún seo a laghdú, seans go gcuirfí deireadh le fáinne fí an mhearfhaisin. | **2 x 5**<br>**(2+3)** |
| **(iii)** | Mínigh céim amháin a bhféadfadh **gnólachtaí** in Éirinn a thógáil le héifeachtaí na hearnála mearfhaisin a laghdú.<br><br>**Gnólachtaí:**<br>• **Athruithe ar mhodhanna táirgthe.** Trína chinntiú go mbaintear úsáid as ábhair ardchaighdeáin i bpróiseas táirgthe eiticiúil agus neamhdhíobhálach don timpeallacht, d’fhéadfaí síneadh a chur le saol éadaí. Seans go mbeadh luach saothair níos fearr ag na fostaithe táirgthe dá bharr.<br>• **Foinsiú eiticiúil amhábhar.** Bíonn dúshaothrú ag baint leis an mearfhaisean go minic agus ábhair á bhfoinsiú agus fostaithe ó n-íoc ar an líne táirgthe. Dá ndéanfadh comhlachtaí obair ní ba chríochnúla chun deireadh a chur leis na cleachtais seo, d’fhéadfaí éifeachtaí an mhearfhaisin a laghdú.<br>• **Trédhearcacht sna modhanna táirgthe.** D’fhéadfadh comhlachtaí a bpróiseas táirgthe a shoiléiriú do thomhaltóirí trí mhíniú ar líne. Tá an-tóir tagtha air seo in earnáil an bhia m.sh. “ón bhfeirm go dtí an bord”<br>• **Páirt ghníomhach i bpróiseas athchúrsála na n-éadaí a dhíoltar sa ghnó.** Is féidir le comhlachtaí seirbhís athchúrsála a chur ar fáil saor in aisce dá gcuid fostaithe le cabhrú le méid na n-éadaí a chuirtear isteach i láithreáin líonadh talún gan aon ghá a laghdú.<br>• **Tomhaltóirí a spreagadh lena gcuid éadaí a uasdátú:** b’fhéidir go gcuirfeadh comhlachtaí áirithe áis ar fáil go bhféadfadh tomhaltóirí cuid dá ‘seanéadaí’ a thabhairt ar ais le deisiú / beachtú. | **5**<br>**(2+3)** |

## Dréacht - Ardleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**
**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá**<br><br>LOI (Gné Fiosrúcháin) | Tá LOI ráite go soiléir, mar cheist/fadhb/deacracht le dul i ngleic le agus tá sé ábhartha leis an téama.<br>Tá na haidhmeanna leagtha amach go h-an soiléir (SLACHTMHAR) agus de réir an ghné fhiosrúcháin a roghnaítear agus Torthaí Foghlama na Sonraíochta. | Leibhéal an-mhaith d'fhreagra. Tá an LOI ciallmhar.<br>Tá na haidhmeanna soiléir go leor agus i gcomtheács.<br>Iarracht an-mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Maith ach easpa struchtúr.<br>Iarracht mhaith ar nascadh an LOI leis an téama ach níl doimhneacht nó struchtúr ann.<br>Tá na haidhmeanna doiléir agus tá cuid acu nach bhfuil i gcomhthéacs.<br>Iarracht mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br>Nascadh an-íseal don LOI leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br>Má chuirtear aidhmeanna ar fáil, cuirtear aidhmeanna an-íseal ar fáil. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |
| **Fianaise ar shonraí:**<br><br>**5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Sármhaith<br>9-10** | **An-mhaith<br>7-8** | **Maith<br>5-6** | **Réasúnta<br>3-4** | **Lag<br>0-2** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid sonrach do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís criticiúil domhain do LOI atá ábhartha leis na coincheapa agus teoiric atá in úsáid.Anailís criticiúil agus géarchúiseach do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha an-mhaith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís criticiúil an-mhaith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha maith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís maith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid bunúsach d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin.<br>Anailís bunúsach don eolas agus sonraí atá in úsáid. | Úsáid ar bith d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Is féidir go mbeidh coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. Tá anailís na bhfoinsí eolais agus sonraíochta má úsáidtear iad an-íseal agus neamhábhartha. |
| **Léirmhínigh & Luacháil** | Aistriú agus luacháil iontach agus eolach ar shonraí, coincheapa agus teoiric eacnamaíochta bainteach leis an LOI. | Léirmhínítear agus déantar anailís ar coincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí ar chaighdeán an-ard. | Léirmhíniú agus luacháil maith do choincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí. | Tá an taighde atá déanta ar an ghné fhiosrúcháin olc agus mar sin de tá caighdeán aistrithe agus luachála an-íseal.Is féidir go mbeidh cuid don anailís mícheart. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Bunúsach mura bhfuil léirmhíniú nó luacháil. Taighde neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Déantar luacháil agus ceistiú ar argóintí agus breithiúnais eolacha iontacha ar dóigh oibiachtúil agus déantar iad a nascadh go soiléir le coincheapa agus teoiric eacnamaíochta agus a thacú le sonraí/learaídí/cuair cuí. | Déantar anailís eolach an-mhaith ar argóintí agus breithiúnais. Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí an-mhaith d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí maithe d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Argóintí an-teoranta agus/nó cuirtear breithiúnais chun tosaigh le cuid acu ábhartha go neamh-shoiléir. | Ní chuirtear aon argóint nó breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí (Úsáid & Anailís)** | Tá na sonraí atá in úsáid cuí, cruinn, anailísithe go criticiúil, léirmhínithe agus a luacháil go domhain i gcaighdeán an-ard. | Déantar anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag caighdeán an-ard. | Déantar beagáinín anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag leibhéal maith. Easpa doimhneacht. | Caighdeán íseal do thaighde ar shonraí, déantar cuid acu a anailísiú go cruinn ach cuid acu feidhmithe go míchruinn agus neamhábhartha. | Tá na sonraí má tugtar iad neamhábhartha agus seanaimseartha. |
| **Próiseas** Taighde **Marc Iomlán** | **36-40** | **28-35** | **20-27** | **19-12** | **0-11** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Breithiúnais/conclúidí an-eolach, cuí & cruthaithe atá bunaithe go soiléir & follasach ar an anailís & luacháil don fhianaise a bhaineann le coincheapa & teoiric.<br>Baintear aidhmeanna beartaithe amach & déantar moltaí cruthaithe ábhartha.<br>Gné fiosrúcháin ábhartha nua molta a tháinig ó anailís an taighde. | Conclúid eolacha bunaithe go soiléir ar anailís agus luacháil na fianaise le nasc soiléir chuig coincheapa & teoiric.<br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Moltaí ábhartha déanta.<br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar an anailís agus luacháil le roinnt fianaise go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa & teoiric.<br>Baintear an méid is mó d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **18-20** | **14-17** | **10-13** | **6-9** | **0-5** |
| **Machnamh** | Léargas pearsanta soiléir agus domhain faighte trí machnamh tuisceanach agus domhain ar an rannpháirtíocht leis an staidéar.<br>Inniúlacht cuimsitheach soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Léargas pearsanta soiléir faighte trí machnamh ar an rannpháirtíocht leis an staidéar.<br><br>Inniúlacht soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear roinnt léargais pearsanta fríd roinnt machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh éigin déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh teoranta déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br><br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | SRP an-chiallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Tá an struchtúr iontach. Tá an chumarsáid choincheapa, teoiric agus sonraí atá in úsáid cuimsitheach agus ábhartha.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas sonrach, smaointeoireacht chriticiúil agus fócas géar.<br>Úrnuacht agus nuálaíocht iontach soiléir ar fud. | Tá SRP an-chiallmhar & loighciúil de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Struchtúr an-mhaith.<br>Tá an teanga, na coincheapa agus sonraí atá in úsáid imeasctha go maith.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas maith, agus fianaise ar smaointeoireacht chriticiúil.<br>Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá SRP beagáinín ciallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr réasúnta.<br>Taispeánann cumarsáid argóintí agus breithiúnais leibhéal maith eolais.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Struchtúr íseal. Tá an chumarsáid neamheagraithe agus tá easpa aontachta ann.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr & comhleanúnachas ar bith leis an tuairisc seo.<br>Tá easpa fócas agus soiléireacht sa tuairisc.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **14-15** | **11-13** | **8-10** | **5-7** | **0-4** |